AN GHNÍOMHAIREACHT UM FHÁIL IARNRÓID

RPA
Railway Procurement Agency

Ráitis Airgeadais 2015

Ráitis Airgeadais don tréimhse ó 01 Eanáir 2015 go dtí 31 Iúil 2015 (díreach roimh dhíscaoileadh)

Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh	02
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeann-aigh Ghníomhaigh	05
Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais	07
Eolas faoin nGníomhaireacht	24
Tuarascáil na gComhaltaí	25
Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha	30
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	32
Ráiteas ar na Gnóthachain agus ar na Caillteanais Aitheanta Uile	33
Réiteach ar Ghluaiseacht i gCistí na Gníomhaireachta	33
An Clár Comhardaithe	34
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	35
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	36

Ráiteas an Chathaoirligh

Ar 1 Lúnasa 2015 chumaisc an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid leis an Údarás um Bhóithre Náisiúnta chun Bonneagar Iompair Éireann (BIE) a chruthú. Eochair-ghné de chlár leasaithe an Rialtais don Earnáil Phoiblí agus nascann BIE dhá fhoras gairmiúil, a bhfuil an-taithí acu, chun ionad barr feabhais a chruthú le hinfreastruchtúr iompair, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis, a sheachadadh is a reáchtáil. Rinneadh obair shuntasach le linn na bliana chun struchtúr, polasaithe agus fís na heagraíochta nua a thabhairt chun críche le go mbeidh BIE in ann comhtháthú go gasta agus go héifeachtach ón tús.

Agus an garsprioc thábhachtach seo á sroicheadh againn is áthas liom a thuairisciú go bhfuil an aisghabháil ar Ghnó Luas a chonaiceamar i 2014 ag leanúint uirthi i 2015 le líon na bpaisinéirí don bhliain dar críoch 31 Iúil ag sroicheadh figiúr de 19.4 milliún – méadú de 5% ar an bhfigiúr don tréimhse céanna i 2014.

Táthar ag leanúint de bheith ag déanamh dul chun cinn maith le céim fheidhmithe scéim Luas Traschathrach. Tá an obair ar chonradh atreorú na bhfóntas nach mór críochnaithe agus tá Sisk Steconfer Joint Venture ceaptha anois againn chun príomh-ghnéithe infreastruchtúir an tionscadail a thógáil. Faoi dháta an chumaisc bhí dul chun cinn substaintiúil déanta leis an gconradh seo agus tá tógáil ráillí dulta chun cinn go maith i bhFaiche an Choláiste, ar Shráid Westmoreland agus ar Shráid Uí Chonaill.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an mBord agus le foireann na GFI as a dtiomantas is a dtacaíocht le linn 2015 sa tréimhse ruthaig roimh an cumasc.

Ba dheas liom freisin aitheantas a thabhairt d'ionchur, do thacaíocht is do mhaoiniú an Údaráis Náisiúnta Bóithre a d'fhag go raibh forbairt rathúil agus feidhmiú ár gcuid tionscadal indéanta.

Ag deireadh thiar, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Pascal Donohoe TD, agus lena iar-Ard-Rúnaí, Tom O'Mahony agus a gcuid oifigeach as a dtacaíocht chun an cumasc a thabhairt i gcrích. Buíochas chomh maith ón mBord agus uaim féin freisin as a gcúnamh leanúnach agus a dtacaíocht d'ár dtionscadal.

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach
24 Samhain 2015

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaigh

De réir mar a dhíscaoiltear an GFI agus go n-aistrítear a cuid feidhmeanna chuig BIE is áthas liom a thuairisciú go bhfuil an aisghabháil a bhaineamar amach i ngnó Luas i 2014 ag leanúint uirthi i 2015. Tá an fás leanúnach san eacnamaíocht Éireannach ag cothú éileamh níos mó ar iompar poiblí i mBaile Átha Cliath agus sa bhliain chun dáta bhí fás breise de 5% ar líon na dturas paisinéara ar Luas thar líon curiarrachta 2014. Fágann an fás láidir seo go bhfuil ardleibhéal úsáide anois ann ag buaicamanna ar an líonra agus mar thoradh air seo táimid tar éis scaoileadh faoi chlár bhreisiú acmhainní. Thairis sin, fuaireamar le déanaí faomhadh Rialtais do thionscadal leasaithe Mheitreo Thuaidh agus fáiltímid roimhe.

Bhí mar thoradh ar an bhfás faoi líon na bpaisinéirí gur bhain gnó infreastruchtúir Luas barrachas oibríochta amach roimh ús agus cháin de €1.2 milliún sna chéad seacht mí de 2015, rud a fhágann go bhfuilimid de réir sprice chun an barrachas de €1.9m, a baineadh amach do bhliain iomlán 2014, a shárú. Fágann sé seo go bhfuil bail níos láidre ar Luas chun a chuid costas oibríochta, cothabhála agus athnuachana shócmhainní a chlúdach san am atá le teacht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann ár bpáirtnéirí oibríochta agus cothabhála, Transdev agus Alstrom, arbh eochair-ghné i mbaint amach na dtorthaí dearfacha oibríochta iad a dtiomantas chun seirbhís iompair mhealltach, iontaofa agus cost-éifeachtúil a sholáthar d'ár gcustaiméirí.

Bhí sábháilteacht oibríochtaí Luas i gcónaí mar phríomh-thosaíocht ag an GFI. Bhí buairt orainn le tamall anuas faoi a mhinice is a buaileann tiománaithe ar an mbóthar in aghaidh tramanna tar éis dóibh briseadh trí shoilse dearga. I 2015 cuireadh in airde an chéad ceamara um shárú shoilse dearga in Éirinn ag acomhal Shráid na Binne Boirbe agus Plás Blackhall mar thoradh ar bheartas comhpháirtíochta idir an GFI, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Garda Síochána agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, a mhaoinigh an tionscadal. Is áthas liom a thuairisciú go bhfuil mar thoradh air seo gur tháinig laghdú suntasach ar líon na dtimpistí a tharla de dheasca soilse dearga bheith a shárú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le tionscadal Luas Traschathrach i 2015. Sula thosaítear ar phríomh-oibreacha infreastruchtúir Luas ní mór seirbhísí fóntais a atreorú ó line na rianta agus tá an chéim seo den tionscadal nach mór críochnaithe anois. Deonadh an príomh-chonradh do thógáil na rianta, do na hardáin agus don líne lasnairde mí Eanáir agus tá tógail an phríomh-infreastruchtúir faoi lánseol anois. Táimid ag cloí leis an sprioc an líne nua Luas a oscailt roimh dheireadh 2017.

Lean an GFI de bheith ag tacú leis an Údarás Naisiúnta Iompair chun líonra Mhearbhus Trasdula a fhorbairt do Bhaile Átha Cliath agus an phríomh-bhéim ar an gcéim roghnaithe bealaigh a chríochnú i gcás thionscadal MT ó Bhaile Bhlainséir go dtí Coláiste na hOllscoile.

Ba phribhléid é bheith ag obair don GFI le ceithre bliana déag anuas, agus de bheith mar chuid d'fhorbairt Luas, a raibh éifeacht bhunathraithe aige ar shaol na ndaoine a chónaíonn is a oibríonn i mBaile Átha Cliath. Tá cuid nach beag den rath atá ar Luas mar thoradh ar thiomantas, is ar ghairmiúlacht na ndaoine saineolaíocha a phleanáil, a dhear is a thóg na línte Luas tosaigh maille leis na ceithre shíneadh a lean iad agus iadsan a bhainistíonn na hoibríochtaí is cothabháil an chórais. Ba dheas liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe uile sa GFI, ar bhunchloch an ratha seo iad, agus a chinnteoidh go leanfaidh an rath le BIE san am atá le teacht.

Rory O'Connor
Príomhfheidhmeannach Gníomhach
24 Samhain 2015

Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

Cuireann an t-athbhreithniú seo feidhmíocht na GFI sa tréimhse 7 mí ó 01 Eanáir 2015 go dtí 31 Iúil 2015 le tréimhse dhá mhí déag i 2014. Ag deireadh na tréimhse seo díscaoileadh an GFI trí reachtaíocht agus aistríodh a cuid sócmhainní is a cuid dliteanais chuig an Údarás Náisiúnta Bóithre (agus é ag feidhmiú mar Bhonneagar Iompair Éireann).

Athbhreithniú Oibriúcháin

Eochair-Éachtaí sna seacht mí dar críoch 31 Iúil 2015

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Le linn 2015 lean an GFI de bheith ag baint amach dian-spriocanna buiséadacha i gcás gach gníomhaíochta a bhain le caiteachas reatha agus le caiteachas caipitil. Bhí córas dian rialúcháin i gcás caiteachais reatha agus caipitil i bhfeidhm le linn na tréimhse.

Chuimsigh caiteachas reatha na Gníomhaireachta caiteachas corparáideach de €4.8m (2014 €8.1m) agus caiteachas ar fhorbairt tionscadal arbh shochar é de €1.4m (2014 Muirear €1.5m). Fritháiríodh caiteachas reatha na Gníomhaireachta i gcoinne ioncam glan ó ghníomhaíochtaí sealscarúna na Gníomhaireachta arbh ionann iad ina n-iomláine agus €0.9m (2014 €1.3m).

Le linn na tréimhse caipitlíodh €42.0m (2014 €39.0m) den chaiteachas agus bhain an chuid is mó den chaiteachas seo le tógáil Luas Traschathrach.

Laghdaíodh líon na mball foirne ó 186 i 2014 go dtí 184 i 2015 agus laghdaíodh na costais foirne gaolmhara ó €14m don bhliain iomlán i 2014 go dtí €7.7 m don tréimhse 7 mí i 2015.

Ar an mbarrachas a coimeádadh i ndiaidh cánach de €1.3m (2014 €1.5m) áirítear €1.1m ó ghnó infreastruchtúir Luas (2014 €1.8m).

Leanann an GFI de bheith ag bainistiú a cuid taiscí airgeadais ar bhealach stuama agus coimeádach a ghin €0.2m (2014 €0.5m) d'ioncam úis ar thaiscí agus d'fhógair sí cúlchiste airgid de €49.0m (2014 €53.6m) ag deireadh na tréimhse.

Oibríochtaí tráchtálas

GNÓ AN INFREASTRUCHTÚIR

Thaisteal tramanna Luas 2.14 milliún ciliméadar sna seacht mí go dtí 31 Iúil 2015 i gcomparáid le 3.67 milliún do 2014 ina iomláine. Le linn na tréimhse céanna, d'iompar Luas 19.4 milliún paisinéir i gcomparáid le 32.6 milliún do 2014 ina iomláine.

Mí an Mheithimh 2015 chríochnaíomar an clár ollchóirithe 300,000 ciliméadar den flít de 26 tram Citadis atá lonnaithe in Iostas Áth an Ghainimh. Cinnteoidh na cláir ollschóirithe seo go leanfaidh tramanna Luas, le linn a saolré sínithe, de bheith ag soláthar na caighdeáin arda sábháilteachta, iontaofachta agus compoird atá chomh tábhachtach sin do na paisinéirí. Athdhéanfar na cláir seo bunaithe ar chaighdeáin a mholann an soláthróir. Beidh gá le hinfheistiú sa tréimhse 2015-2019 d'obair athnuachana atá pleanáilte, bunaithe ar shaolré, ar ár n-infreastruchtúr seasta agus tá glactha ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an caiteachas seo a mhaoiniú nuair is gá. Mar fhreagra ar líon paisinéirí atá ag méadú agus ar leibhéil arda úsáide ag buaicamanna tá clár infheistíochta á fhorbairt i gcomhar leis an ÚNI. Bhí barrachas de €1.2m (2014 €1.9m) (roimh cháin, ús ar chúlchistí agus dímheas ar shócmhainní féin-mhaoinithe) ag gníomhaíochtaí infreastruchtúir Luas. Tar éis ús a tuilleadh a chur chun sochair agus coigeartú a dhéanamh do mhuirir chánach aistríodh barrachas de €1.1m (2014 €1.8m) isteach sna cúlchistí. Tá barrachas oibríochta á thuar do ghnó infreastruchtúir Luas sa mheántéarma 2016-2020. Glactar lena bhfuil á thuar don ghnó go mbeidh boilsciú costais coimeádach ann i gcás an fháis ar líon na gcustaiméirí.

B'é an fás san eacnamaíocht baile maille le tréan-iarrachtaí na GFI (úinéirí an infreastruchtúir) agus Transdev (soláthróir na seirbhíse) leis na costais agus an teacht isteach a chothromú, ba chúis le Luas a bheith fillte ar bharrachas (bhrabús) le ceithre bliana anuas. Le linn na tréimhse seo athstruchtúraithe, lean an GFI, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus Transdev de bheith ag díriú ar sheirbhísí d'ardchaighdeán a sholáthar agus sár-luach ar airgead a thairiscint do lucht taistil agus don Státchiste. Bhí an bhéim a leagadh ar sheirbhísí d'ardchaighdeán a sholáthar ar na táillí ab ísle ab fhéidir mar ghné criticiúil de thabhairt ghnó Infreastruchtúir Luas go dtí an pointe mar a bhfuil barrachas airgid á thuilleamh aige. Bhí dlúth-chomhoibriú ann idir foirne na GFI agus Transdev agus chuir siad leis an bhfeabhas riachtanach san fheidhmíocht airgeadais a bhaint amach is a choinneáil.

SEACHADADH, FAOMHADH AGUS MAOINIÚ TIONSCADAL

Réitíonn an GFI cás cuimsitheach gnó do gach tionscadal infreastruchtúir a mholtar. Cuimsíonn an cás measúnú iompair, airgeadais agus eacnamaíoch an tionscadail. Cuimsíonn sé chomh maith na straitéisí agus na pleananna a mholtar do mhaoiniú an tionscadail. Cuirtear an cás gnó ar fáil don ÚNI nuair a bhíonn faomhadh airgeadais ar fáil do thionscadal.

Agus maoiniú á chinntiú aici do thionscadail nua, tá sé mar aidhm ag an GFI an sciar ar gá don Státchiste a thabhairt a choimeád chomh híseal agus is féidir agus maoiniú a lorg trí scéimeanna tobhaigh agus trí chomhaontaithe dépháirteacha leosan a bhainfidh leas díreach as an infreastruchtúr feabhsaithe.

COMHTHÉACS AN TIONSCAIL

Le linn na bliana, lean an GFI de bheith ag cur acmhainní suntasacha ar fáil d'infreastruchtúr iompair phoiblí Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Meastar gurb é 18,210 turas poiblí iompair an acmhainn buaicama a chuireann an Líne Dhearg agus an Líne Ghlas ar fáil. Bhí méadú 5% ar líon na bpaisinéirí a iompraíodh ar Luas don tréimhse seacht mí go dtí 31 Iúil ó 18.4 milliún i 2014 go dtí 19.4 milliún i 2015.

TIMPEALLACHT DHLÍTHIÚIL AGUS RIALÁLA

Tá soláthar san Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 (mar a leasaíodh é) do dheonú ordú iarnróid do pháirtí atá ag iarraidh infreastruchtúr agus seirbhísí iarnróid sráide nó meitreo a sholáthar. Éalaíonn an próiseas reachtúil ar an GFI iarratas mionsonraithe ar Ordú Iarnróid a ullmhú ar a n-áirítear dearadh tagartha, Ráiteas Thionchair Timpeallachta maille le Leabhar Tagartha chun leas i sealúchas a aithint. Seoltar an t-iarratas ar ordú ansin chuig an Bord Pleanála.

Bhunaigh An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid i 2005 Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid ina bhfuil soláthar do fhaomhadh tionscadail infreastruchtúir iarnróid nua. I dtaca le tógáil thionscadail nua iarnróid comhlíonann an GFI agus éilíonn sí go gcomhlíonfadh a conraitheoirí an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 maille leis na rialúcháin gaolmhara atá eisithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

CUSPÓIRÍ GNÓ AGUS AIRGEADAIS

Shainaithin Plean Corparáideach Gnó rollta cúig bliana na GFI 2015-2019 trí eochair-chuspóir:

- **Soláthar d'Infreastruchtúr Nua**
  Tá an Luas Traschathrach á thógáil agus rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2014 agus 2015. Tá Mearbhus Trasdula á fhorbairt do Bhaile Átha Cliath thar ceann an ÚNI. Táthar ag déanamh scrúdú ar thionscadail fhéideartha eile leis an ÚNI mar chuid de Staidéar Iompair Fhine Gall/Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

- **Gnó Infreastruchtúir an Luas**
  Tá barrachas oibríochta á thuar do Ghnó Infreastruchtúir an Luas le linn tréimhse an phlean gnó reatha. Feabhsófar agus cuirfear le líonra Luas ag deireadh 2017 de bharr Luas Traschathrach. Cuimsíodh soláthar agus costais do sheachadadh sheirbhísí i gconradh 2014 Transdev.

- **Athrú Eagraíochtúil**
  Leithroinn Boird agus bainistíocht na GFI agus an ÚNB dóthain acmhainní don phleanáil chun an dá eagraíocht a nascadh le chéile mar aon údarás amháin ar a dtabharfar Bonneagar Infreastruchtúir Éireann (BIE).

Sábháilteacht & an Timpeallacht

SÁBHÁILTEACHT TÓGÁLA

Le linn 2015, suas go dí 31 Iúil, chuimsigh an obair tógála oibreacha cumasúchain leanúnacha do Luas Traschathrach, obair tógala ar infreastruchtúr Luas Traschathrach agus Feistiú Oifig Gheata na Páirce.

Ghníomhaigh an GFI mar Chliant, mar Mhaoirseoir an Tionscadail um Phróiseas Deartha (MTPD) agus mar Mhaoirseoir ar Chéim Tógála an Tionscadil (MCTT) agus do na hoibreacha fóntais (atreorú na bhfóntas agus oibreacha oidhreachta). Ghníomhaigh an GFI mar Chliant do na hoibreacha infreastruchtúir agus mar MTPD d'fheistiú oifig Gheata na Páirce. I gcás na gconarthaí seo ar fad rinne an GFI scrúduithe rialta sábháilteachta agus iniúchadh chun feidhmiú na gconraitheoirí ar na suíomhanna a mhonatóiriú is a sheiceáil chun a gcuid dualgas faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013, faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus reachtaíocht ghaolmhar agus Cóid Cleachtais agus Treoraithe á gcomhlíonadh. Lean an GFI de bheith ag obair go dlúth lenár gconraitheoirí le cinntiú go rabhamar ag cloí leis na caighdeáin arda sábháilteachta atá cheana féin ann ar ár dtionscadail tógála.

Níor tuairiscíodh aon timpiste, ar cailleadh am dá dheasca, ar thionscadail tógála na GFI le linn 2015 suas go dtí 31 Iúil.

SÁBHÁILTEACHT NA SEIRBHÍSÍ PAISINÉARA

Bhí laghdú suntasach ar líon na n-eachtraí sábháilteachta intuairiscithe suas go dtí 31 Iúil 2015 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2014. Lean an GFI, i bpáirt le Transdev, de bheith ag díriú ar cheisteana sabháilteachta a bhain le gluaisteánaithe agus le coisithe le linn 2015 agus chuireadar i bhfeidhm roinnt feabhsuithe sábháilteachta sa timpeallacht oibriúchain ag Luas. Cuireadh in airde ceamara solais dheirg agus tá sé ag feidhmiú ag acomhal de chuid Luas chun breith ar sháruithe ar an solas dearg.

D'fhan líon na n-eachtraí neamhoird phoiblí agus loitiméireachta, a bhfuil taifead orthu, seasmhach i gcomparáid le 2014. Mar sin féin, tá neamhord poiblí agus loitiméireacht i gcónaí ina ábhar imní don GFI agus do Transdev agus iad ag iarraidh seirbhís shábhailte agus slán a sholáthar d'ár gcustaiméirí maille le timpeallacht oibre sábháilte d'fhoireann ár gconraitheoirí. Mar fhreagra air seo, tá Transdev, an GFI agus raon leathan geallsealbhóirí, ar a n-áirítear pobail áitiúla agus An Garda Síochána, tar éis bheith ag obair go dian chun cur in aghaidh iompair frithshóisialta agus chun sláinte phaisinéirí Luas a chinntiú.

Leanfaidh BIE de bheith ag obair le Transdev and a fhochonraitheoirí cothabhála chun an t-ard-leibhéal sábháilteachta, atá cheana féin bainte amach ar an Luas Dearg agus ar an Luas Glas, a choinneáil.

AN TIMPEALLACHT

Léiríonn na gníomhaíochtaí timpeallachta, ar tugadh fúthu i 2015 gur chloígh an GFI le Polasaí Comhshaoil na GFI do 2015 chomh maith le Cód Cleachtais Comhshaoil na GFI ar Sheandálaíocht i bpáirt leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Trí bheith ag comhoibriú le páirtithe inmheánacha agus seachtracha d'fheidhmigh an GFI dea-chleachtas agus an baol go mbeadh éifeacht dhiúltach ar mhaisíochtaí timpeallachta agus oidhreachta ag oibríochtaí pleanála, tógála agus feidhmíochtaí, á bhainistiú aici.

Ar na himeachtaí sin bhí soláthar tacaíochta do thionscadail agus d'oibríochtaí a bhain le ceisteanna timpeallachta agus seandálaíochta ar a n-áirítear céim roghnaithe bealaigh do scéim Mhearbhus Trasdula ó Bhaile Bhlainséir go Colaiste na hOllscoile. Sholáthairigh Seandálaithe de chuid na GFI ionchur seandálaochta agus oidhreachta sa STT a réitigh ARUP/Roughan O'Donovan don scéim MBT ó Shord/ Aerfort go Lár na Cathrach do BIE.

Rinneadh bainistiú timpeallachta freisin i gcás gach chonartha a bhain le Luas Traschathach ar a n áirítear na Conarthaí a bhain le hAtreorú na bhFóntas, le hOibreacha Oidhreachta, le Córais, le Scartáil agus leis an Príomh-Infreastruchtúr. Ar an tacaíocht a tugadh bhí monatóireacht agus rialú ar fhothram, ar chreathadh, ar chaighdeán an aeir, cigireacht timpeallachta agus seandálaíochta ar shuíomhanna, iniúchóireacht timpeallachta, ráitis fhaofa ar mhodhanna oibre, ullmhú agus athbhreithniú thart faoi 135 Fógra d'Oibreacha a bhain leis an Aonad um Shláinte Comhshaoil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bainistiú leanúnach gheallshealbhóirí chomh maith le bainistiú chonarthaí (ar a n-áirítear staidéir éiceolaíochta).

Ó thaobh bhainistiú seandálaíochta/oidhreachta de áirítear sa tacaíocht a tugadh ullmhú agus leasú Straitéis Seandálaíochta Luas Traschthrach, Toiliú an Aire d'oibreacha a fháil, athbhreithníu ráitis an Chonraitheora ar a mhodhanna seandálaíochta agus ar a iarratas ar cheadúnas, athbhreithniú agus faomhadh gach tuairisc seandálaíochta ar chonarthaí go rí-speisialta riachtanais tuairiscithe oidhreachta cun an conradh ar Iniúchadh agus ar Chóireáil Siléar.

Leanadh de bheith ag bainistiú gnéithe timpeallachta den chonradh d'oibríochtaí Luas ar an Líne Ghlas is an Líne Dhearg le linn na bliana le cruinnithe ar an láthair gach dhá mhí, cigireacht ar iostaí gach ráithe agus athbhreithniú ar thuairisciú timpeallachta, tuairiscí Transdev ar a bplean do bhainistiú na timpeallachta agus a dtuairiscí ar fhothram is ar chreathadh. De bhreis air sin, rinneadh tomhas sonrach ar thramanna ag aon áit déag ar an Líne Dhearg Luas, ag sé áit ar Luas Cheantar na nDugaí, ag ocht n áit ar Líne Ghlas Luas, ag deich n-áit ar Luas Choill na Siliní agus ag ceithre áit déag ar Luas Iarthar na Cathrach.

Inbhuanaitheacht

ACHOIMRE AR AN MÉID A RINNEAMAR IS A BHAINEAMAR AMACH FAOIN BPLEAN INBHUANAITHEACHTA;

Comhordaíodh gníomhartha agus buanna faoin bPlean Inbhuanaitheachta d'Iarnród Sráide Bhaile Átha Cliath trí Fhoghrúpa um Thionchar Timpeallachta na GFI a bhuail le chéile is a thug tuairisc gach ráithe. Grúpa beag ildisciplíneach atá anseo ar a bhfuil ballraíocht ón GFI, ó Transdev agus ó Alstrom. Tá mar phríomh-aidhmeanna ag an bplean laghdú in úsáid fuinnimh agus i nginiúint dramhaíle a bhaint amach san infreastruchtúr agus i ngnóthaí corparáideacha. Tá taifead ar ar baineadh amach le linn 2015 le fáil i dtuarascálacha ráithiúla a réitigh an Fhoireann Ghlas, an foghrúpa um Dhearadh is um Thógáil is ag Transdev i gcás na n-oibríochtaí. Chuimsigh Plean Inbhuanaitheachta d'Iarnród Sráide Bhaile Átha Cliath an tréimhse 2011-2015, rud a fhágann go mbeidh ar BIE smaoineamh ar mholtaí agus iad a fhorbairt chun straitéis nua inbhuanaitheachta a fheidhmiú don comhlacht comhtháite.

Le linn 2015, chuir an GFI/Transdev agus Alstrom iontráil chomhoibríoch, a raibh rath uirthi, isteach ar na Gradaim Ghlasa agus bhuaigh Luas an Gradam d'Iompar Glas anuas ar bheith sa chraobh-bhabhta do ghradam Gnó Glas na Bliana. D'aithin an gradam seo feidhmíocht leanúnach Luas chun feasacht faoi charbóin a fheabhsú in oibríochtaí uile Luas.

LUAS

Tá figiúirí úsáide do ghníomhaíochtaí Luas sa tréimhse Eanáir-Iúil 2015 ag léiriú gur sár-bhliain eile a bhí ann (méadú 5% ar an tréimhse chéanna i 2014). Bhí méadú ar úsáid leictreachais kWh/paisinéir agus kWh/cm taistealaithe araon de 2% agus 8% faoi seach i gcomparáid le figiúirí 2014. Mar sin féin, bhí an mean-teocht laethúil sa tréimhse chéanna níos ísle, mí ar mhí – rud a d'éiligh tomhaltas breise fuinnimh chun an tram a théamh. Bhí laghdú 23% ar thomhaltas gáis i gcomparáid le 2014. Bhí a líon iomlán dramhaíle ar pléadh léi ó Eanáir 2015 go Iúil 2015 14% níos airde ná mar a bhí sa bhliain roimhe. Tá míniú air seo sa mhéadú ar líon iomlán na bpaisinéirí a d'úsáid an córas agus freisin ón dramhaíl a gineadh leis na cláir athchóirithe tramanna ar 300km agus 600km. Bhí laghdú 21% ar úsáid uisce i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2014.

GNÍOMHAÍOCHTA CORPARÁIDEACHA SA CHEANNÁRAS – AN FHOIREANN GHLAS

Ghlac Foireann Ghlas na GFI raon tosaíochtaí chun comhfhiosacht faoin timpeallacht a ardú ar a n áirítear comórtais a eagrú go rialta agus nuachtlitir ráithiúil a réiteach is a scaipeadh. Tá mar aidhm ag an nuachtlitir ár mbuanna is ár dteipeanna chun ár bhfeidhmíocht timpeallachta a fheabhsú, a phoibliú. Ardaíonn sí comhfhiosacht faoi cheisteanna timpeallachta agus faoi imeachtaí a eagraítear chun eolas a roinnt ar an bhfoireann faoi shár-chleachtas bhainistíocht timpeallachta.

Bhí ceithre fhoireann ag an GFI a ghlac páirt sa Dúshlán Rothaíochta 10 Nóiméad ag Smarter Travel Workplaces/Travelwise Northern Ireland le linn mí na Bealtaine 2015. Bháin foireann ón GFI ar a tugadh "The Freewheelers" an 9ú háit sa chomórtas.

Cuid thábhachtach d'ár n-iarrachtaí ar bhainistiú timpeallachta inár n-oifigí ag Sráid Gheata na Páirce is ea monatóiriú ar úsáid gáis agus leictreachais. Tá na hoifigí seo á méadú is á n-athchóiriú chun freastal ar an bhfoireann uile tar éis an nasctha leis an ÚNB. Cuimsíonn an tsonraíocht don athchóiriú roinnt gnéithe ar choir dóibh éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú sa fhoirgneamh nua. Le linn na seacht mí tosaigh de 2015 bhí roinnt athruithe i bpátrúin agus i leibhéil úsáide i ngeall ar an bhfoireann uile a bheith suite in aon áras amháin agus i ngeall ar na gníomhaíochtaí coimisiúnaithe san fhoirgneamh eile.

Bhí feidhmíocht fuinnimh ag teacht leis na caighdeáin a sroicheadh i 2014 agus leis na gníomhaíochtaí agus na hathruithe sa chóiríocht oifige ar deineadh cur síos orthu. Leanaimid de bheith ag úsaid 40% níos lú fuinnimh ná i 2010.

INFREASTRUCHTÚR

Chun aghaidh a thabhairt ar an gcarbón corpraithe do chúrsaí tógála, cuimsíodh an riachtanas don Chonraitheoir meastúchán a dhéanamh ar an lorg coise carbóin i ndearadh na n-oibreacha sa phríomh-chonradh infreastruchtúir do Luas Traschathrach. Don chéad uair, rianaigh an Conraitheoir bunlíne agus d'fhorbair sé straitéisí agus pleananna gníomhaíochta chun an rian coise carbóin a choinneáil chomh híseal agus a b'fhéidir sna hoibreacha forghníomhaithe deiridh do Luas. Mar chuid den phróiseas seo, scrúdaigh an Conraitheoir moltaí agus straitéisí chun laghduithe dóthaineacha i gcarbón corpraithe a bhaint amach tríd an méid cruach agus coincréite a laghdú agus tríd an meascán don choincréit a athrú agus an méid stroighne a laghdú agus slaig ghránaithe meilte foirnéise (SGMF) a chur ina áit. De bhreis air sin, éilítear ar an gConraitheoir achinntiú go mbaineann Iosta Dhroichead Broome do Luas Traschathrach ráta ard RFF, B1, amach. Faoi mar a bhí measta, léirigh an mheastóireacht tosaigh a réitigh Sisk Steconfer Joint Venture go bhfuil leibhéil arda carbóin corpraigh i ngnéithe cruaigh agus coincréite na n-oibreacha. Mar sin féin, léirigh an mheastóireacht go raibh ionchur mór ag na riachtanais pábhála d'athnuachan réimse poiblí na cathrach, go háirithe leis an gcarbón corpraithe a d'eascair as iompar an eibhir ón Áis.

Le linn 2014 rinne an GFI iniúchadh chomh maith ar mholadh inbhuanaitheachta a d'úsáidfeadh eagair gréine ar an mórchóir ar dhíon Iosta na Bó Deirge. Measadh go mbeadh tréimhse 9 mbliana de dhíth chun an tionscadal seo a aisíoc. Mar sin, ní dheachthas ar aghaidh leis go fóill. Mar sin féin, chorpraíodh eagair gréine ar an mórchóir in athchóiriú an fhoirgnimh i gcás oifigí BIE ar Shráid Gheata na Páirce.

Léirigh na torthaí ó Chóras Mapála Fuinnimh a rinne Alstrom i 2013 go rabhthas ag úsáid an-chuid fuinnimh ar an gcóras teasa agus aerála do phaisinéirí ar thramanna Luas. Mar thoradh air sin, tá Alstrom ag baint triail as leasú ar an gcóras chun go laghdófaí fuinnimh. Léirigh an triail go bhféadfaí coigilt phoitéinsiúil de 20% a dhéanamh agus leanfar leis na trialacha le linn 2015. Ar na tionscadail eile atá ar lámha ag Transdev/Alstrom tá tionscadal taighde agus forbartha chun tramanna Luas a aisfheistiú le mór-thoilleoir, a stórálann is a shábháileann an fuinneamh athghiniúnach a scaipfí sa ghnáth-shlí mar theas tríd an gcóras.

Forbairt Luas agus tionscadail ghaolmhara

LUAS TRASCHATHRACH

Leanadh le tógáil Luas Traschathrach (LTC) le linn tréimhse na tuarascála seo. Bhí na hoibreacha a ghabh le hatreorú na bhfóntas nach mór críochnaithe faoi dheireadh na tréimhse agus bé coimisiúnú trealamh úr do na fóntais agus na ceangail ghaolmhara an phríomh-obair a bhí fágtha gan déanamh.

Bronnadh an conradh do na príomh-oibreacha infreastruchtúir ar chomhfhiontar de John Sisk and Sons Ltd agus de shain-chomhlacht Portaingéalach le cur amach ar iarnróid ar a dtugtar Steconfer. Cuimsíonn na hoibreacha seo leagan na rianta, an córas lasnairde, an t-iosta, na stadanna, an dromchlú agus na comharthaí. Conradh é seo a bhfuil dearadh agus tógáil araon mar chuid de agus caitheadh na míonna tosaigh den tréimhse deartha ag ullmhú an dearaidh agus tosaíodh ar oibreacha sráide sa chuid deiridh den tréimhse. Leanadh leis an bpleanáil cháiréiseach agus den chomhoibriú gníomhach leis na príomh-gheallsealbhóirí a baineadh amach le linn fheidhmiú na n-oibreacha fóntais agus leanfar de le linn na bpríomh-oibreacha infreastruchtúir le go gcoimeádfaí aon chur isteach i lár na cathrach ar leibhéal chomh híseal agus a b'fhéidir.

Cuireadh droichead nua in áit an droichid a iompraíonn Bóthar an Fhásaigh thar Líne Luas Traschathrach le linn na tréimhse seo agus athnuadh an trealamh san fhostáisiún a bhí cheana féin ar Shráid Uí Chonaill le go bhféadfaí freastal ar an éileamh méadaithe a bhainfidh le scéim Luas Traschathrach. Táthar den tuairim gur féidir an tionscadal a chríochnú in am don spriocdáta de dheireadh 2017.

MIONTIONSCADAIL

Scaoileadh faoi mhiontionscadail chun cur le sábháilteacht, le héifeachtúlacht oibriúchain agus le inrochtaineacht infreastruchtúr reatha Luas.

MIONTIONSCADAIL I 2015

Bhí na Miontionscadail seo a leanas idir lámha ag 31 Iúil 2015 agus táthar ag súil go mbeidh siad ag feidhmiú le linn na bliana reatha.

MION-ATHBHREITHNIÚ AR OIBREACHA INROCHTAINEACHTA AR AN LÍNE DHEARG AGUS AR AN LÍNE GHLAS

Aibhseoidh an tionscadal seo na tionscadail tosaíochta ar féidir a chur i bhfeidhm i ndáiríre, déanfaidh sé na tionscadail tosaíochta seo a scrúdú agus roghnóidh sé ceann díobh, nó níos mó, le cur i bhfeidhm.

BAILÍOCHTÓIRÍ BREISE DON CHÁRTA LEAP AG STADANNA ÁIRITHE LUAS.

Tá sé i gceist leis an tionscadal seo bailíochtóirí breise don Chárta Leap a chur in airde ag na stadanna seo:

LÍNE DHEARG:

Sráid na Mainistreach isteach (2), Jervis amach (1), Heuston isteach (1), Heuston amach (1), Iosta na Roinne isteach (1)

LÍNE GHLAS:

Faiche Stiabhna amach (2), Gleann an Chairn isteach (2), Harcourt insteach (1), Charlemont isteach (1), Dun Droma amach (1), Baile Amhlaoibh amach (1)

GREIMBHARRAÍ AGUS STRAPAÍ CROCHTA NUA SNA TRAMANNA

Tá sé seo idir lámha agus cuirfidh sé ar chumas phaisinéirí bogadh thart taobh istigh de na tramanna, seasamh le compord agus iad féin a theannadh nuair atá an tram ag luasghéarú nó ag moilliú, rud a chuirfidh le sábháilteacht na bpaisinéirí.



CEAMARA AN TSOLAIS DHEIRG

Ceapadh córas Cheamara an tSolais Dheirg chun cur le sábháilteacht ag acomhail trí shárú na soilsí dearga ag feithiclí bóthair a thaifeadadh. Cuireadh Ceamara an tSolais Dheirg in airde ag Plás Blackhall agus bhí éifeacht dhearfach aige i laghdú Imbhuailtí Thrácht ar Bhóithre (ITB). Cuirfear a thuilleadh díobh in airde.

CIANBHREATHNÚ AR TCI AR BORD

Tá i gceist leis an tionscadal seo go leasófaí an córas TCI ar thramanna uile na Líne Deirge le go bhféadfadh Transdev, oibritheoir Luas, agus An Garda Síochána cianbhreathnú leis an 6 ceamara inmheánach agus an 2 ceamara a fhéachann ar aghaidh.

MARCÁIL SÁBHÁILTEACHTA TRAM

Ag leanúint ar chur in áit rathúil chomharthaí rabhaidh do thramanna ag trasrianta coisithe ag Stadanna Luas tá sé i gceist leis an tionscadal seo marcanna rabhaidh a chur ag trasrianta coisithe nach bhfuil smacht orthu. Laghdóidh na céimeanna seo na seansanna go dtarlóidh timpistí nó eachtraí trí rabhadh a thabhairt do choisithe bheith ag faire amach do thramanna sula thrasnaíonn siad an tram-rian.

MEARBHUS TRASDULA

I 2015 lean an GFI de bheith ag obair i ndlúth-chomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun pleanáil a bhrú chun cinn don Swiftway (Córas MBT) i mBaile Átha Cliath. Chuaigh an GFI i mbun chomhchomhairle go forleathan i measc gheallsealbhóirí faoi scéim Bhaile Bhlainséir go Coláiste na hOllscoile agus aghaidh á thabhairt acu ar na dúshláin a bhaineann le bainistiú tráchta agus le soláthar áiseanna d'ardchaighdeán do choisithe agus do rothaithe taobh an bhealaigh. Chríochnaigh an GFI an tuarascáil ar roghanna don dréacht-bhealach agus ar an réamh-dhearadh don rogha bealaigh measta ó lár Bhaile Bhlainséir go dtí Coláiste na hOllscoile mar réiteach don chéad chéim eile, comhchomhairle phoiblí neamh-reachtúil.

MEITREO THUAIDH

I 2014, thosaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompar Staidéar Iompair Fhine Gall/Bhaile Átha Cliath Thuaidh le go bhféadfaí eolas a chur ar fáil faoi na roghanna poitéinsiúla d'iompar sa dúiche seo do chinneadh an Rialtais i 2015. Mí na Samhna 2014 d'fhoilsigh an tÚNI Tuarascáil Breithmheasa Chéim a hAon chun dul i gcomhairle leis an bpobal. Mhol tuarascáil seo Chéim a hAon go gcuirfí sé rogha chun tosaigh le go ndéanfaí meastóireacht bhreise orthu, ar a áiríodh dhá rogha d'iarnród sráide: scéim fheabhsaithe Mheitreo Thuaidh agus síneadh Luas ó stad na Cabraí ar Líne Luas Traschathrach go dtí an tAerfort agus Sord. Mhol an tuarascáil dheiridh, a foilsíodh mí an Mheithimh 2015, go roghnófaí an Meitreo Thuaidh agus é feabhsaithe mar an rogha réiteach iompair don bhealach idir Lár na Cathrach/An tAerfort Sord. Bhí an tionscadal seo san áireamh fosta i bplean seacht mbliana infheistithe capitil de chuid an Rialtais a foilsíodh mí Dheireadh Fómhair 2015. Ón uair go bhfuil difríocht idir an tionscadal a faomhadh agus an Meitreo Thuaidh tosaigh, tá luach an chaiteachais a iompraíodh go dtí seo ar ár gclár comhardaithe don Meitreo Thuaidh laghdaithe go dtí luach reatha an mhargaidh i gcás na sealúchas a fuarthas don tionscadal.



Bainistíocht Rioscaí

Tá córas bhainistíocht riosca uileghabhálach i bhfeidhm chun rioscaí a fhéadfadh an GFI a chur i mbaol cailliúna, a mheasúnú, a thuar agus a bhainistiú. Tacaíonn an córas leis an GFI bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí i ngach gníomhaíocht ghnó. Áirítear sa chóras rioscaí suntasacha a aithint, a bhainistiú agus, nuair is féidir, a mhaolú.

Tá an GFI tiomanta d'aithint is do bhainistiú rioscaí ina cuid gníomhaíochtaí uile le go bhféadfaí a feidhmíocht a dhéanamh chomh maith agus ab fhéidir faoi réir ISO 31 000:2009. Ar ár bpríomh-chuspóirí do bhainistiú rioscaí tá:

- Géilliúntas do gach riachtanas éigeantach;
- Comhoibriú ráithiúil le páirtithe leasmhara uile na GFI (e.g. RITAS, ÚNI, ÚNB)
- Bainistíocht chuí ar gach riosca agus cuspóirí na GFI á mbaint amach (e.g. tráchtáil, dearadh, sláinte, sábháilteacht, timpeallacht agus rioscaí leanúnachais sa ghnó);
- Luach ar airgead a fháil agus cuspóirí na GFI a mbaint amach;
- Bheith ag coinne le agus teacht roimh éiginnteacht (e.g. athruithe ar thosca);
- Straitéisí bhainistíocht rioscaí chost-éifeachtúil agus úsáid acmhainní a chur i bhfeidhm;
- Feasacht agus tuiscint ar rioscaí agus ar bhainistíocht éifeachtach rioscaí a chur chun cinn;
- Bainistíocht rioscaí a bheith mar dhlúthchuid leabaithe de chultúr na heagraíochta.

Is iad seo a leanas eochair-ghnéithe phróiseas bhainistiú rioscaí na GFI maille leis na míreanna a críochnaíodh i 2015:

- Plean bliantúil Bhainistiú Rioscaí agus faofa ag Bord na GFI;
- Próiseas comhtháite corparáideach gnó agus bainistiú rioscaí fiontraíochta;
- Cláir chaighdeánacha rioscaí chun rioscaí a aithint, a mheas is a rangú;
- Úinéireacht shannta do bhainistíocht réamhghníomhach ar gach riosca aitheanta;
- Athbhreithnithe oiliúna, ionduchtúcháin, agus cheachtanna foghlamtha a éascú;
- Saotharlanna, athbhreithnithe agus tuarascálacha foirmiúla um bhainistíocht rioscaí agus fiúntais;
- Réim urrúis agus í á feidhmiú ag Coiste Iniúchóireachta na GFI; agus
- Síor-fheabhsú ar ár ngnáthaimh is ar ár bpróisis bhainistiú rioscaí.
- Frámaíocht inmheánach Rialaithe

Ahbhreithniú Airgeadais

STRUCHTÚR CAIPITIL AGUS POLASAÍ CISTÍOCHTA

Maoinítear an GFI le teaglaim de dheontais agus de réamh-íocaíochtaí ón státchiste, de chistí a ghineann gnó Infreastruchtúir Luas, de thobhaigh forbartha S 49, de shíntiúis eile ó fhorbróirí agus d'ús a thuilltear ar thaiscí.

Tá polasaithe cistíochta na GFI ina n-iomláine ceaptha ar bhonn coimeádach agus athbhreithnítear iad ó am go ham agus leasaítear iad mar a cheaptar a bheith riachtanach. Chuir feidhmiú chórais láidre rialála inmheánaigh agus polasaithe cistíochta coimeádacha le baint amach eochair-chuspóirí na GFI i 2015 – agus cuspóir luach ar airgead san áireamh.

Athbhreithníonn an Bord agus an bhainistíocht araon polasaithe agus gníomhaíochtaí cistíochta na GFI.

Leanann an GFI de bheith ag maoiniú chaiteachas caipitil agus reatha trí dheontais agus réamhíocaíochtaí ón Státchiste, trí thobhaigh forbartha agus trí chomhaontaithe déthaobhacha. Le linn 2015 lean an GFI de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an ÚNI agus le comhairlí áitiúla scéimeanna thobhaigh forbartha a choimeád agus trí scéimeanna nua a chur chun cinn. Ceaptar an maoiniú ó na scéimeanna tobhaigh chun cuid den bhrabús fadtéarmach ó fhorbairt talaimh/sealúchais, a eascraíonn as soláthar an infreastruchtúir, a ghnóthú. Tá deontais agus réamhíocaíochtaí ón Státchiste, a sholáthraítear tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tríd an Údarás Náisiúnta Iompair, mar phríomh-fhoinse maoinithe fós ag an GFI.

Ar 31 Iúil 2015 bhí taiscí airgid gearrthéarmacha ag an GFI dar luach €49.0m (2014: €53.6m). Áirítear sna taiscí farasbarr carnaithe ón ngnó infreastruchtúir, tobhaigh forbartha, soláthar cothabhála agus maoiniú ón Státchiste. Ní raibh aon iasachtaí ag an GFI ar 31 Iúil 2015. Gnóthaíodh ús de €0.2m (2014: €0.5m) le linn 2015 ar chomharduithe airgid gearrthéarmacha. Bhí ioncam airgeadais de €0.07m (2014: Muirear €0.2m) ann le linn na bliana a bhain le ríomhadh dliteanas i leith sochar scoir. Gearradh táillí úis eile de €0.01m (2014 €0.06m) i leith an chuntais ioncaim agus caiteachais.

Eolas faoin nGníomhaireacht

Comhaltaí*
Jacqueline Cross
Ciarán MacSamhráin
Sandra Murphy
David O'Connor
Joe O'Mahony
Cormac O'Rourke, Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach Gníomhach:
Mr. Rory O'Connor*

Rúnaí:
Fergal Ruane*

Aturnaetha:
Arthur Cox
Lárionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí:
Banc na hÉireann
Príomhoifig
40 Bothair Mespil
Baile Átha Cliath 4

Banc Uladh
Príomhoifig
Duga Sheoirse
Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí:
Deloitte
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht
Reachtúil Iniúchóireachta
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

* D'éirigh siad uile as oifig ar ócáid an dhíscaoilte

CORMAC O' ROURKE
Chairman

JACQUELINE CROSS
Member

CIARÁN MACSAMHRÁIN
Member

SANDRA MURPHY
Member

DAVID O' CONNOR
Member

JOE O' MAHONY
Member

Tuarascáil na gComhaltaí

Ráitis Airgeadais don Tréimhse dar críoch 31 Iúil 2015

Cuireann Comhaltaí Bhonneagar Iompair Éireann a dtuarascáil i láthair maille lena ráitis airgeadais don tréimhse seacht mí dar críoch 31 Iúil 2015.

Feidhmeanna na Gníomhaireachta

Comhlacht neamhspleách reachtúil í an GFI a bunaíodh faoin Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001. Is iad príomh-fheidhmeanna na GFI faoi reachtaíocht bhunaidh seo ná infreastruchtúr iarnróid sráide agus meitreo a sholáthar. Ó cuireadh tús le hAcht Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath i 2008 rinne an GFI na feidhmeanna seo a chomhlíonadh faoi shannadh ó ÚNI. Mí Mheán Fómhair 2011, síneadh cumhachtaí na GFI chun comhaontuithe a dhéanamh leis an ÚNI chun córas nó córais Mhearbhus Trasdula (MBT) a fhorbairt don ÚNI – rud a bhí aitheanta mar chuspóir do Bhaile Átha Cliath i gclár Comhtháite Feidhmiúcháin an ÚNI 2013-2018.

Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Díreach i ndiaidh dheireadh na tréimhse, agus faoi réir Acht na mBóithre 2015, díscaoileadh an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid. Nuair a díscaoileadh í, aistríodh feidhmeanna, talamh agus sealúchas eile, sócmhainní agus dliteanais na Gníomhaireachta go dtí an tÚdarás Náisiúnta Bóithre (a fheidhmíonn anois mar Bhonneagar Iompair Éireann).

Torthaí don Tréimhse

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse dar críoch 31 Iúil 2015 agus an Clár Comhardaithe le fáil ar leathanaigh 32 agus 34. Is é an farasbarr ar ghnáth-imeachtaí don bhliain roimh cháin ná €1.6m (2014: €1.9m).

Lean feidhmíocht airgeadais Infreastruchtúr Luas de bheith ag soláthar farasbairr i 2015. Bí an fheidhm ghlan airgeadais a bhí ag gníomhaíochtaí an ghnó i ndiaidh úis agus cánach ná farasbarr de €1.1m a aistriú isteach sna cúlchistí (2014: €1.8m).

Ghin scaoileadh amach na Líne Deirge agus na Líne Glaise ar cheadúnas chuig Transdev chun seirbhísí paisinéirí a sholáthar ná farasbarr oibríochta de €0.3m (2014: €0.5m). Glacann na tuartha reatha leis go leanfaidh feabhas do theacht ar líon na bpaisinéirí agus go mbeidh rialú éifeachtach costas i bhfeidhm. De bharr an bhonn tuisceana seo táthar ag súil le farasbarr oibríochta i 2015 agus sna blianta dá éis.

Sna seacht mí go dtí 31 Iúil 2015 ghin an gnó páirceála agus taistil agus an gnó fógraíochta glanioncam de €1.3m (2014: €2.1m) agus ghin ús a tuilleadh ó na cúlchistí airgid €0.1m (2014: €0.2m).

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí i leith na Ráiteas Airgeadais

Leagann an tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001 freagrachtaí ar na Comhaltaí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann tuairisc fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus ar bharrachas nó ar easnamh na Gníomhaireachta don bhliain áirithe sin. Agus na ráitis airgeadais seo á n ullmhú acu, ní mór do na Comhaltaí:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i gcrích go rialta;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- A rá cé acu ar ullmhaíodh, nó nár ullmhaíodh, na ráitis airgeadais faoi réir an chreat ábhartha um thuairisciú airgeadais, na caighdeáin sin a aithint agus an éifeacht a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a lua maille leis an gcúis a bhí leis;
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin nuair atá sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh mar ghnó.

Dearbhaíonn na comhaltaí go bhfuil na riachtanais thuasluaite comhlíonta acu agus na ráitis airgeadais á n ullmhú acu. Tá na Comhaltaí freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus as pé céimeanna réasúnta atá riachtanach a ghlacadh chun aon chalaois nó aon mhírialtacht eile a stopadh agus a thabhairt faoi deara. Tá dualgas chomh maith ar na comhaltaí ráiteas a chuimsiú sa Tuarascáil Bhliantúil faoin gcóras inmheánach rialachais faoi réir na gceanglas sa Chód Sárchleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit (2009).

Taifid Chuntasaíochta

Tá an Príomhfheidhmeannach Gníomhach, agus é faoi stiúir na gComhaltaí, freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Ghníomhaireacht leabhair agus taifid chuntasaíochta cearta faoi réir Alt 19 den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001. Chuige sin, tá an Príomhfheidhmeannach Gníomhach tar éis foireann ghairmiúil chuí chuntasaíochta a cheapadh maille le córas éifeachtach tuairisciú airgeadais agus faisnéis bainistíochta. Coimeádtar na leabhair agus na taifid chuntasaíochta ag Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8.

Comhaltaí agus Rúnaí

Tá na Comhaltaí agus an Rúnaí a bhí in oifig ar dháta an díscaoilte liostáilte ar leathanach 24 agus d'fhónaigh siad uile le linn na tréimhse.

Mar seo a leanas a bhí na táillí a íocadh le Comhaltaí le linn na bliana agus líon na gcruinnithe a d'fhreastail siad:

Comhalta	Táillí 2015 €000	Freastal ar chruinnithe boird [as 7]
Jacqueline Cross	7	6
Ciarán MacSamhráin	7	5
Sandra Murphy	7	6
David O'Connor	0	7
Joe O'Mahony	7	7
Cormac O'Rourke	0	7

Faoi réir Threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin bprionsabal "duine amháin, tuarastal amháin" do fhostaithe san earnáil phoiblí, níor íocadh aon táille le David O'Connor. Tharscaoil Cormac O' Rourke a tháillí. Íocadh iomlán de €23 i bhfoirm chostais le Comhaltaí le linn na bliana ar a áiríodh costais taistil.

An Coiste Iniúchóireachta

Bhí Coiste Iniúchóireachta na Gníomhaireachta i 2015 comhdhéanta de Sandra Murphy (Cathaoirleach), Jacqueline Cross agus David O'Connor.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta don Bhord ar gach gné den tuairisciú airgeadais agus den pholasaí cuntasaíochta agus athbhreithníonn sé éifeacht chóras rialaithe airgeadais inmheánach na Gníomhaireachta. Casann iniúchóirí seachtracha na Gníomhaireachta ar an gCoiste Iniúchóireachta chun torthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais na GFI a athbhreithniú. Bhí deis ag an gcruinniú seo do chomhaltaí an Choiste chun bualadh go príobháideach leis na hiniúchóirí seachtracha.

An Coiste Luach Saothair

Bhí Coiste Luach Saothair na Gníomhaireachta i 2015 comhdhéanta de Jacqueline Cross, David O'Connor agus Cormac O'Rourke. Tá an Coiste Luach Saothair freagrach as moltaí faoi pholasaí a dhéanamh don Bhord ar cheisteanna luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus ar cheisteanna ginearálta a bhaineann le luach saothair sa Ghníomhaireacht. Níor deonaíodh aon bhónas nó ardú tuarastail ó 2008 i leith. Cuireadh laghdú ar na tuarastail i bhfeidhm mí Iúil 2013 nuair a achtaíodh an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2013.

Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Aithníonn Comhaltaí na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid an fhreagracht atá orthu a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach agus go cuirtear i bhfeidhm é sa Ghníomhaireacht. Tig le córas mar seo barántas réasúnta, ach ní barántas iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní na Gníomhaireachta á gcosaint, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifead ceart coimeádta orthu agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear iad go gasta.

Rialachas Corparáideach agus Rialaithe

Tá na Comhaltaí tar éis céimeanna a ghlacadh le cinntiú go mbeidh timpeallacht chuí rialaithe sa Ghníomhaireacht trí:

- Ghlacadh le struchtúir agus le gnáthaimh shoiléire shár-chleachtais trína gcuirtear gnó na gComhaltaí i bhfeidhm;
- Fhreagrachtaí na bainistíochta a shainiú go soiléir agus deimhin a dhéanamh de go mbíonn fáil ar acmhainní agus ar oiliúint chuí; agus
- Ghnáthaimh fhoirmiúla a cheapadh chun teipeanna substaintiúla rialaithe a aimsiú agus chun céimeanna cuí ceartúcháin a ghlacadh taobh istigh de fhráma ama réasúnta.

Tá próisis bunaithe ag na Comhaltaí chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí chóras bhainistíocht rioscaí a bhunú. Feidhmíonn an próiseas ar leibhéil tionscadail, feidhmiúcháin agus fiontraíochta. Seo a leanas príomh-eilimintí an chórais:

- Nádúr, scóip agus impleachtaí airgeadais rioscaí a gcaithfeadh an Ghníomhaireacht aghaidh a thabhairt orthu a aithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí atá aitheanta;
- Modhanna oiriúnacha chun rioscaí a bhainistiú agus a laghdú a aithint;
- Leithdháileadh a dhéanamh ar an bhfreagracht as rioscaí aitheanta a bhainistiú agus a laghdú;
- Monatóireacht ar an dul chun cinn agus ar chomhlíonadh gníomhartha laghdaithe;
- Éifeachtacht oibriú chóras bhainistíocht rioscaí a athbhreithniú; agus
- Tuairisciú rialta do na Comhaltaí ar nithe ábhartha a éiríonn.

An Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Cuimsíonn córas rialaithe airgeadais inmheánach na GFI faisnéis ardchaighdeáin bainistíochta agus athbhreithniú rialta ag an mBord agus ag an mbainistíocht taobh istigh de struchtúr a dhéanann soláthar d'idirdhealú cuí dualgas, tarmligean údaraithe údaráis agus freagracht shoiléir. Áirítear inti go speisialta:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a fhaomhann an Bord go míosúil;
- Athbhreithnithe míosúla ag an mBord ar chuntais bainistíochta a chuireann feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí agus leis an mbuiséad
- Treoirlínte soiléire rialaithe soláthair, cistíochta agus infheistíocht caipitil; agus
- Gnáthaimh fhoirmiúla bhainistiú tionscadal.

Monatóireacht ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Déanann na Comhaltaí agus an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh le linn na bliana ar fad. Déantar é seo trí na rudaí seo a leanas a ullmhú agus a athbhreithniú:

- Tuairiscí rialta ar na cuntais bhainistíochta agus ar thionscadail;
- Tuairiscí iniúchóireachta ón bhfeidhmeannas inmheánach iniúchóireachta; agus
- Tuairiscí ó na hiniúchóirí seachtracha.

Athbhreithníonn na Comhaltaí gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn rialta i gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach Gníomhach agus le daoine eile ón mbainistíocht shinsearach.

Le linn 2015, d'úsáid an GFI seirbhísí chuideachta seachtraí, EY, chun obair fheidhm an iniúchta a chomhlíonadh faoi réir na frámaíochta atá leagtha amach sa Chód Sárchleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit (2009). Leagann an feidhmeannas inmheánach iniúchóireachta plean oibre amach do gach bliain. Tógtar san áireamh sa phlean seo anailís de na rioscaí atá ann don Ghníomhaireacht agus déanann an Coiste Iniúchóireachta é a fhaomhadh. Réitíonn an feidhmeannas inmheánach iniúchóireachta tuarascáil bhliantúil don Choiste Iniúchóireachta ina gclúdaítear gníomhaíocht inmheánach iniúchóireachta don bhliain atá díreach thart maille le tuairim an Bhainisteoir Iniúchóieachta ar leorgacht agus ar éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais sa Ghníomhaireacht. Tuarascáil bhreise í seo anuas ar na tuairiscí rialta a sholáthraíonn an feidhmeannas inmheánach iniúchóireachta don Choiste Iniúchóireachta le linn na bliana.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialaithe

Is féidir linn a dheimhniú gur athbhreithníodh éifeachtacht an chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ónár dtuarascáil dheiridh i leith agus measadh é a bheith sásúil.

Árachas

Tá polasaithe árachais ag an nGníomhaireacht in aghaidh damáiste nó caillteanas shealúchais dá gcuid féin nó de chuid thríú páirtí agus a cuid dliteanas poitéinsiúla i leith fostaithe agus tríú páirtithe.

Géilliúntas Dlíthiúil agus Rialaitheach

Comhlíonann an Ghníomhaireacht an Cód Sárchleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit maille le cóid eile cleachtais agus treoirlínte foilsithe ag an Rialtas do chomhlachtaí stáit. Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an GFI chun a chinntiú go bhfuil a cuid dualgas dlíthiúla agus rialaitheacha uile á gcomhlíonadh ag an nGníomhaireacht.

Siúd is nach cuideachta í faoi réir Achtanna na gCuideachtaí, ach comhlacht reachtúil corparáideach, tá gach dícheall déanta ag an GFI chun bheith in oiriúint le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014 nuair is cuí sin.

Tá an GFI faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus 2001 agus tá céimeanna i bhfeidhm aici lena chinntiú go gcomhlíonann na stiúrthóirí uile agus gach sealbhóir oifige, a thagann faoi réir na nAchtanna, a gcuid dualgas.

Le linn 2015 ar fad, d'oibrigh foireann Luas Traschathrach leis an ÚNI chun an Clár um Chúnamh Taistil a leathnú. Lean foireann LTC de bheith ag bualadh le hionadaithe ó Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (CNED) chun oibreacha sealadacha agus buana a bhain le tionscadal Luas Traschathrach a athbhreithniú.

Tá ionadaíocht ag an GFI ar fhochoiste Oiliúint Fhéinfheasachta Mhíchumais de chuid na RITS, a bhfuil mar chúram air féachaint le hOiliúint Fhéinfheasachta Mhíchimais a fhoirmeálú is a fheabhsú go náisiúnta thar gach earnáil.

Soláthraíonn Nuachtlitir Inrochtaineachta Luas mioneolas ar gach gné de Luas – feithiclí, stadanna, táillí etc. dóibhsean a bhfuil míchumas orthu. Rinneadh uasdátú uirthi i 2014 agus tá sí foilsithe ar shuíomh gréasáin Luas www.luas.ie.

Ar na Miontionscadail a bhain le hinrochtaineacht ar tugadh fúthu i 2015 bhí:

- Staidéir indéantachta do naisc siúlóide agus rothaíochta go dtí na stadanna ag Baile an tSíbhrigh, Iarthar na Cathrach, Gleann Bhaile na Lobhar agus Cill Mochuda i dtreo is go mbeadh inrochtaineacht ar an líonra tram níos ésca do gach duine ó na ceantair mháguaird.
- An fhorbairt leanúnach ar Chóras Réamhaisnéise Luas chun an teicneolaíocht do CSD a chuimsiú i dtreo is go bhféadfadh daoine lagamhairc eolas suas chun dáta a fháil ó na Taispeáintí um Eolas Paisinéara.

Comhlíonann na Comhaltaí a bhfreagracht as géilliúntas, ar gach bealach ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpacha, (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002, Rialacháin 2002 ("Na Rialacháin").

Iniúchóirí

Chríochnaigh Deloitte, Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta de bheith ag feidhmiú nuair a dhíscaoileadh an Ghníomhaireacht.

Thar ceann na gComhaltaí,

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Rory O'Connor
Príomhfheidhmeannach Gníomhach

24 Samhain 2015

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA BÓITHRE (AG FEIDHMIÚ MAR BHONNEAGAR IOMPAIR ÉIREANN) AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid ("an Ghníomhaireacht") don tréimhse ó 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Iúil 2015 ar a n áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar na Gnóthachain agus na Caillteanais Aitheanta Uile, Réiteach ar Ghluaiseacht i gCistí na Gníomhaireachta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara 1 go 26. Is é dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Gnáth-Ghlacadh leis in Éirinn), an creat thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm.

Réitíodh an tuarascáil seo do Chomhaltaí na Gníomhaireachta, mar chomhlacht, faoi réir Alt 19 den Acht Iompair (Bonneagair Iarnróid), 2001, agus ní ar aon chúis eile. Thugamar faoinár n-obair iniúchóireachta le go bhféadfaimis na nithe úd, a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú i dtuarascáil iniúchóra, a thuairisciú do chomhaltaí na Gníomhaireachta agus ní ar aon chúis eile. Agus na tuairimí seo á nochtadh againn, ní ghlacaimid agus ní thógaimid chugainn féin freagracht as cúis ar bith eile nó do dhuine ar bith eile, seachas don Ghníomhaireacht agus do chomhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an dtuarascáil seo nó as na tuairimí ar thángamar orthu.

Freagrachtaí chomhaltaí agus iniúchóirí faoi seach

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí, tá na comhaltaí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú ar shlí a thugann léargas fíor agus cothrom. Is é an dualgas atá orainne na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir na riachtanas dlíthiúla Éireannacha agus na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin go gcloífimis le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Tá i gceist le hiniúchadh dóthain fianaise a fháil faoi na suimeanna agus faoin bhfaisnéisiú sna ráitis airgeadais le go bhféadfaí barántas réasúnta a thabhairt go raibh na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé ann de dheasca calaoise nó earráide. Tá san áireamh anseo: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na cleachtais chuntasaíochta oiriúnach do thosca na Gníomhaireachta agus cé acu an raibh siad nó nach raibh siad curtha i bhfeidhm go seasta agus nochta go fónta; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta a rinne na comhaltaí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Thairis sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais uile sa Tuarascáil Bliantúil chun aon neamh-chomhsheasmhachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas, a bhfuil an dealramh air go bhfuil sé míchruinn agus é bunaithe ar, nó atá neamh chomhsheasamhach le, eolas ar thángamar air a aithint agus sinn ag gabháil den iniúchadh. Má thagaimid ar aon mhíráiteas ábhartha sofheicthe nó aon neamh chomhsheasmhacht smaoinímid ar na himpleachtaí dár dtuairisc.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is í ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fhíor agus chothrom, a thagann leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Gnáth-Ghlacadh leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta ag 31 Iúil 2015 agus ar an heasnamh don tréimhse a chríochnaigh ansin.

Ceist béime – Ráitis airgeadais a réitíodh ar bhonn gnóthais leantaigh
Agus ár dtuairim ar na ráitis airgeadais á réiteach againn – tuairim nach bhfuil leasaithe – Rinneamar measúnú ar leordhóthanacht an fhaisnéisithe a rinneadh i Nóta 1 leis na ráitis airgeadais i dtaca le feidhmiú phrionsabal an ghnó leantaigh i bhfianaise dhíscaoileadh na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid faoi réir Acht na mBóithre 2015. Mar atá nótáilte san Acht, ta feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta á n-aistriú go dtí an tÚdarás Náisiúnta Bóithre (atá ag feidhmiú mar Bonneagar Iompair Éireann). Dá réir sin, ullmhaíodh na cuntais airgeadais ar bhonn ghnó leantaigh.

Tuairimí ar ábhair eile

- Tá gach faisnéis agus gach míniú, a bhraithimid a bheith riachtanach chun críche ár n iniúchta, faighte againn.
- Is í ár dtuairim go raibh taifid cuntasaíochta na Gníomhaireachta dóthaineach le go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh go héasca ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Is í ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i Dtuarascáil na gcomhaltaí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Nithe a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú ar bhonn eisceachtúil

Níl aon ní le tuairisciú againn ar na nithe seo a leanas:

Tá dualgas orainn faoi Alt 12.2 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód Cleachtais") tuairisc a thabhairt daoibh mura dtagann an ráiteas faoin gcóras rialachais inmheánaigh, a éilítear sa Chód Cleachtais, atá mar chuid de Thuarascáil na gComhaltaí, le léiriú géilliúntas na Gníomhaireachta do pharagraf 13.1 (iii) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuil eolas againne air ónár n obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais.

Deloitte
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta
Baile Átha Cliath

Dáta: 24 Samhain 2015

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Do na tréimhsí dar críoch 31 Iúil 2015 agus 31 Nollaig 2014

	Nóta	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Barrachas Oibríochta	2	1,302	1,709
Ús iníoctha agus muirir dá shórt	6(a)	(14)	(62)
Ioncam/(muirir) eile airgeadais	6(b)	70	(188)
Ús infhaighte	6(c)	192	454
Barrachas roimh cháin ar ghnáth-ghníomhaíochtaí		**1,550**	**1,913**
Muirear cánach ar bharrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí	9	(281)	(392)
Barrachas coinnithe don tréimhse		**1,269**	**1,521**

Faofa ag an Comhaltaí ar 24 Samhain 2015

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Rory O'Connor
Príomhfheidhmeannach Gníomhach

RÁITEAS AR NA GNÓTHACHAIN AGUS NA CAILLTEANAIS AITHEANTA UILE

Do na tréimhsí dar críoch 31 Iúil 2015 agus 31 Nollaig 2014

	Nóta	T/C 31 Iúil 2015	T/C 31 Nollaig 2014
Barrachas coinnithe don tréimhse		**1,269**	**1,521**
Gnóthachan achtúireach aitheanta sa scéim um leas scoir	22	685	2,863
Méadú ar an mbarrachas do-aisghabhála ar an scéim um leas scoir	22	(735)	(2,449)
Gnóthachain aitheanta uile don tréimhse		**1,219**	**1,935**

RÉITEACH AR GHLUAISEACHT I GCISTÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Do na tréimhí dar críoch 31 Iúil 2015 agus 31 Nollaig 2014

	Cistí na Gníom-haireachta 31 Iúil 2015 €'000	Cúlchiste 31 Iúil 2015 €'000	Iomlán 31 Iúil 2015 €'000	Cistí na Gníom-haireachta 31 Nollaig 2014 €'000	Cúlchiste 31 Nollaig 2014 €'000	Iomlán 31 Nollaig 2014 €'000
Barrachas coinnithe don tréimhse	1,269	-	1,269	1,521	-	1,521
Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta eile	(50)	-	(50)	414	-	414
Gluaiseacht don tréimhse	1,219	-	1,219	1,935	-	1,935
Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste	(1,108)	1,108	-	(1,825)	1,825	-
Gluaiseacht ghlan don tréimhse	111	1,108	1,219	110	1,825	1,935
Ar 1 Eanáir	5,085	17,868	22,953	4,975	16,043	21,018
Ar 31 Nollaig	5,196	18,976	24,172	5,085	17,868	22,953

AN CLÁR COMHARDAITHE

Ar 31 Iúil 2015 agus ar 31 Nollaig 2014

Sócmhainní in úsáid	Nóta	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	10	1,014,444	1,085,452
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	11	15,516	15,855
Taiscí bainc agus airgid	12	48,972	53,559
		64,488	69,414
Creidiúnaithe (suimeanna dlite taobh istigh de bhliain)	13	(18,022)	(22,391)
Glansócmhainní reatha		46,466	47,023
Soláthair do dhliteanais agus do mhuirir	16	(141,546)	(160,871)
Creidiúnaithe (suimeanna dlite tar éis bliana amháin)	14	(31,857)	(32,437)
Glansócmhainn, gan sócmhainn pinsin a áireamh		887,507	939,167
Sócmhainn Phinsin	22	572	702
Glansócmhainní		888,079	939,869
Arna mhaoiniú ag			
Cúlchiste			
Cistí na Gníomhaireachta	15	5,196	5,085
Cúlchiste	15(a)	18,976	17,868
Deontais	17	824,047	878,500
Maoiniú eile	18	39,860	38,416
Caipiteal agus cúlchistí		888,079	939,869

Faofa ag na Comhaltaí ar 24 Samhain 2015

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Rory O'Connor
Príomhfheidhmeannach Gníomhach

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

Do na tréimhsí dar críoch 31 Iúil 2015 agus 31 Nollaig 2014

Gníomhaíochtaí Oibríocha	Nóta	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Glan-insreabhadh/(eis sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibríocha	21(a)	3,155	(1,088)
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísiú airgid			
Ús faighte		457	159
		457	159
Cánachas			
Cáin chorparáide íoctha		(23)	(96)
Caiteachas caipitil agus infheistiú airgeadais			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil		(37,643)	(39,935)
Tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí		1,987	3,681
Deontais		27,480	43,523
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan ó shreabhadh caipitiúil		(8,176)	7,269
(Laghdú)/méadú ar an airgead	21(b)	(4,587)	6,244

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

A. An Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi réir an ghnás chéadchostais.

Díreach i ndiaidh deireadh na tréimhse, agus faoi réir an Acht Bóithre 2015, díscaoileadh an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid. Ag deireadh an díscaoilte aistríodh iomlán fheidhmeanna agus ghníomhaíochtaí na Gníomhairechta, a cuid talaimh agus sealúchais eile, a cuid sócmhainní agus dliteanas go dtí an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ag gníomhú mar Bhonneagar Iompair Éireann). Leanfar le gníomhaíochtaí na Gníomhairachta faoi théarmaí tagartha Bhonneagar Iompair Éireann. Dá réir sin, ullmhaíodh na ráitis seo ar bhonn ghnó leantaigh.

B. Deontais agus Cistiú Eile

Coimeádtar deontais a fhaightear agus atá infhaighte do thionscadail chaipitiúla i gcuntas do dheontais agus amúchtar iad don chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a dhéantar dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.
Soláthraítear deontais faoi Chlár Mhaoiniú Chaipitil de chuid an ÚNI. Soláthraítear an maoiniú dósan ón Státchiste tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoin gclúdach caipitil sa chlár caipitil do thionscail chaipitil iompair, i.e.an clár caipitil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBhÁC).

Coinnítear "Maoiniú Eile" a fhaigheann an Ghníomhaireacht i bhfoirm tobhach forbartha agus ranníocaíochtaí ó fhorbróirí agus a úsáidtear (faoi réir fhorálacha na gcomhaontaithe ábhartha) chun caiteachas caipitil a mhaoiniú i gcuntas do thobhaigh fhorbartha agus ranníocaíochtaí ó fhorbróirí agus amúchtar iad don chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a dhéantar dímheas ar na sócmhainní gaolmhara. Is Údaráis Áitiúla a bhailíonn na tobhaigh fhorbartha faoi na forálacha reachtúla ábhartha. Eascraíonn ranníocaíochtaí fhorbróirí ó chomhaontaithe déthaobhacha le daoine príobháideacha, le cuideachtaí nó le comhpháirtíochtaí.

Is féidir le deontais a sholáthraítear ón Státchiste mar réamh-mhaoiniú d'fheidhmiú thionscadail áirithe, a bhfuil scéimeanna tobhach forbartha ann dóibh, a bheith in aisíoctha faoi réir théarmaí Threoir an Aire do thionscadal ar leith. Nuair is ann d'oibleagáid den chineál seo, déantar meastóireacht ar an méid atá in aisíoctha, bunaithe ar an eolas atá ar fáil agus ar théarmaí Threoir an Aire. Coinnítear mar dhliteanas fadtéarmach méid an deontais atá faighte agus a mheastar a bheith in aisíoctha. Agus an tsuim seo á ríomhadh acu, ní mór don bhainistíocht roinnt rioscaí agus éiginnteachtaí a thabhairt san áireamh, ina measc riosca na forbartha, deireadh a bheith curtha roimh am leis an scéim tobhach, rioscaí a bhaineann le críochnú an tionscadail agus le hathruithe sa dlí.

Aithnítear deontais ioncaim sa chuntas ioncaim agus caiteachais le linn na tréimhse céanna is a bhíonn an caiteachas á mhaoiniú. Faightear na deontais seo ó dhá fhoinse:

1. Clár "Riaracháin agus Chostais na GFI" ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do ghnóthaí corparáideacha.
2. Clár Mhaoiniú Caipitil GDA an ÚNI. Déantar na deontais seo a fhaomhadh ar bhonn tionscadail ar leith.

C. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Déantar caipitliú mar shócmhainn sheasta ar gach caiteachas chun sócmhainní seasta a fháil, nó caiteachas a chuireann go suntasach lena luach, ar a inniúlacht is iad in úsáid nó le saolré úsáideach eacnamaíochta shócmhainní atá cheana féin ann.

Nuair a bhaineann caiteachas le fáil nó le cruthú sócmhainne nach bhfuil oibríoch nó á úsáid ar dháta an chlár chomhardaithe léirítear an caiteachas úd mar "Sócmhainní á dTógáil" agus ní dhéanfar dímheas air. Déantar sócmhainní, a thagann faoi Thógáil, a mheas do bhearnú ar bhonn bliantúil.

Is nuair a bhíonn an t-idirbheart sealúchais críochnaithe, agus ansin amháin, a dhéantar caipitiliú mar shócmhainn sheasta ar chaiteachas a bhaineann le ceannach shócmhainní sealúchais. Áirítear sna réamhíocaíochtaí aon chaiteachas a bhaineann le sealúchas atá á cheannach go dtí go mbíonn an beart curtha i gcríoch.

San am atá thart, déantaí caipitiliú ar ús ar iasachtaí chun sócmhainní chaipitil a mhaoiniú. Stoptar de bheith ag caipitiliú na costais úis nuair atá gach ar gá a dhéanamh chun an tsócmhainn a fháil curtha i gcríoch.

Déantar dímheas ar shócmhainní infreastruchtúr Luas nuair a thosaíonn siad ag tuilleamh ioncam seirbhíse agus déantar amúchadh ar an mbonn céanna ar aon deontas a fhaightear chun iad a cheannach. Déantar dímheas ar shócmhainní seasta eile nuair a chuirtear chun úsáide iad.

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

Áirítear dímheas chun sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh ar bhonn na líne dírí thar a saolré úsáide mar seo a leanas:

	Years
Droichid, íosbhealaí, oibreacha sibhialta & oibreacha cumasúcháin	50
Foirgnimh	30
Rianta	10-50
Córais Rialúcháin & Chumarsáide	10-25
Cumhacht	20-25
Bailiú Táillí	5-15
Páirceáil & Taisteal	30
Rothstoc & trealamh Luas	15-19
Troscáin & feistis, ardaitheoirí agus páirteanna spáráilte	12-25
Daingneáin agus troscán oifige	3-5
Feabhsúcháin ar shealúchas léasach	10 *
Feithiclí Mótair	5

* Déantar dímheas ar fheabhsú ar áitribh léasacha thar tréimhse 10 mbliain nó thar an chuid de shaol an léasa atá fágtha, cibé ceann is giorra.

D. Caipitliú

Déantar caipitliú ar chaiteachas a bhaineann le sócmhainní infreastruchtúr iompair agus áiseanna iompair do phaisinéirí atá á dtógáil agus ar chaiteachas forbartha ar thionscadail chaipitiúla atá faofa ag an Rialtas. Chun críche na bpolasaithe seo, sainmhínítear faomhadh an Rialtais do thionscadail a bhaineann le hiarnród sráide nó le meitreo de réir an dáta ar a iarrtar ordú iarnróid ach amháin sa chás go bhfuil faomhadh faighte ón Rialtas caiteachas caipitil a mhaoiniú sula fhaightear ordú iarnróid. Díscríobhtar caiteachas ar staidéir indéantachta agus ar réamhdhearadh do thionscadail chaipitiúla phoitéinsiúla ach neamhfhaofa i gcoinne an chuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain an chaiteachais.

E. Pinsin – Scéim le Ranníocaíocht Shainithe

Maoinítear sochar pinsin thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe trí scéim le ranníocaíocht shainithe. Cuirtear costas na ranníocaíochtaí in aghaidh an chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a bhíonn siad iníoctha.

F. Pinsin – Scéim Shocair Shainithe

Tá soláthar déanta ag an nGníomhaireacht dá n oibleagáidí maidir le pinsin na foirne faoi réir fhorálacha FRS 17 "Sochair scoir".

Tá scéimeanna a bhfuil farasbarr iontu léirithe mar shócmhainní ar an gclár comhardaithe, glan ar éifeacht chánach iarchurtha orthu. Tá scéimeanna a bhfuil easnamh orthu, maille le scéimeanna neamh-mhaoinithe, léirithe ar an gclár comhardaithe mar dhliteanais, glan ar éifeacht chánach iarchurtha orthu. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha láithreach sa ráiteas ar na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta uile. Is ionann méid an fharasbairr ar féidir a aithint ar an gclár comhardaithe agus luach sciar saoire an fhostóra go suthaineach agus é tomhaiste ar bhonn bhunús FRS17. Aithnítear aon tsuim do-inaisghabhála ar an Ráiteas ar na Gnóthachain agus na Caillteanais Aitheanta Uile.

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

G. Cánachas agus Cánachas Iarchurtha

Soláthraítear cáin chorparáide ar bharrachas inchánach ag an ráta reatha.

Aithnítear cáin iarchurtha i leith gach bearna ama a thosaigh ach nár aisiompaíodh ar dháta an chláir comhardaithe nuair a tharla idirbhearta nó imeachtaí a bhfuil mar thoradh orthu go gcaithfear níos mó cánach a dhíol nó gur féidir níos lú cánach a dhíol sa todhchaí.

Is éard atá i mbearnaí ama ná na difríochtaí idir an barrachas, mar a ríomhtar é chun críche cánach, agus an barrachas a léirítear sna ráitis airgeadais – difríochtaí a eascraíonn toisc go bpléitear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais ag am eile seachas an t am ag a ríomhtar iad chun críche cánach.

Is éard atá i nglansócmhainn chánach iarchurtha ná sócmhainn a mheastar a bheith in aisghabhála agus nach n aithnítear ach amháin nuair a mheastar, ar bhonn na fianaise uile a bhfuil fáil uirthi, gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh barrachais oiriúnacha chánach ann ónar féidir aon aisghabháil amach anseo, a eascródh as na difríochtaí bunúsacha ama, a bhaint. Ríomhtar cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a mheastar feidhm a bheith leo sna tréimhsí nuair a cheaptar go n aisiompófar na difríochtaí ama, bunaithe ar rátaí cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil ar dháta an chlár chomhardaithe. Meastar cáin iarchurtha ar bhonn neamh-lascainithe.

H. Cúlchiste

Athraítear barrachais, a ghintear ar Ghnó an Infreastruchtúir, isteach i gCúlchiste. Tá fáil ar an gcúlchiste seo chun maoiniú a dhéanamh ar athchóiriú infreastruchtúr Luas amach anseo, ar easnaimh oibríochta amach anseo agus ar thionscadal Luas Traschathrach.

I. Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir

Aithnítear soláthairtí d'athchóiriú ráillí, d'éilimh dlíthiúla agus árachais agus do dheontais inaisíoctha nuair atá dualgas dlíthiúil nó inchiallaithe ar an nGníomhaireacht faoi láthair i ngeall ar eachtraí atá tarlaithe, agus nuair is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann chun an dualgas a chomhlíonadh agus nuair atá an tsuim atá i gceist measta ar bhealach iontaofa.

Meastar na soláthairtí de réir ráta reatha an chaiteachais mheasta a bheidh riachtanach chun an dualgas a chomhlíonadh agus ráta réamh-chánach á úsáid a thaispeánann meastacháin, bunaithe ar mheastóireacht reatha an mhargaidh, ar luach ama an airgid agus na rioscaí a ghabhann leis an dualgas áirithe atá i gceist. Aithnítear an méadú ar an soláthar i ngeall ar imeacht ama mar tháille úis.

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
Do na tréimhsí dar críoch 31 Iúil 2015 agus 31 Nollaig 2014

2. BARRACHAS OIBRÍOCHTA

Thángthas ar an mbarrachas oibriúcháin tar éis sochar/(muirir) a thabhairt san áireamh:

	Nóta	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Barrachas ar ghníomhaíochtaí infreastruchtúir Luas roimh ús agus cháin	3	1,209	1,940
Forbairt tionscadal agus costais chorparáideacha	4	(2,509)	(8,242)
Dímheas	10	(24,941)	(45,730)
Bearnú Shócmhainní	10	(88,147)	(1,159)
		(114,388)	(53,191)
Tobhaigh amúchta agus sochair iarchurtha		882	1,512
Deontais	5	114,808	53,388
Barrachas Oibríochta		1,302	1,709

3. BARRACHAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFREASTRUCHTÚIR LUAS

Thángthas ar an mbarrachas ar ghníomhaíochtaí infreastruchtúir Luas tar éis na míreanna seo a chur do shochar/(a mhuiriú):

	Nóta	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Glanbharrachas ar sholáthar infreastruchtúr Luas		256	477
Glanbharrachas ginte ó shócmhainní gaolmhara Luas		1,295	2,053
Rátaí an údaráis áitiúil		(342)	(590)
Barrachas ar ghníomhaíochtaí infreastruchtúir Luas roimh ús agus cháin		1,209	1,940
Ús curtha i leith ghníomhaíochtaí infreastruchtúir Luas		101	205
Muirear cánach curtha i leith gníomhaíochtaí infreastruchtúir Luas		(176)	(293)
Dímheas ar shócmhainní féin-mhaoinithe		(26)	(27)
Aistrithe Isteach sa Chúlchiste	15	1,108	1,825

B'é €24.77m (2014: €45.55m) an muirear dímheasa d'infreastruchtúr Luas agus tá sé cuimsithe sa mhuirear iomlán dímheasa i nóta 2.

4. FORBAIRT TIONSCADAL AGUS COSTAIS CHORPARÁIDEACHA NA GNÍOMHAIREACHTA

	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Roinntear forbairt tionscadal agus costais chorparáideacha mar seo a leanas:		
Sochar/(muirear) a bhaineann le forbairt tionscadal*	(1,404)	1,446
Costais chorparáideacha na Gníomhairachta	4,846	8,138
Ioncam ó shealscarúint/chomhairleoireacht	(933)	(1,342)
	2,509	8,242

Baineann an dímheas de €0.17m (2014:€0.18m) le gníomhaíochtaí corparáideacha na Gníomhaireachta.

Áirítear sna costais forbartha costais fhorbartha na dtionscadal infreastruchtúir roimh cur isteach ar ordú iarnróid.

*D'aisiompaigh an GFI soláthar dochraideach ar léas le linn na tréimhse.

5. DEONTAIS – CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Is éard is brí le deontais ná na deontais ioncaim a bhí infhaighte le linn na tréimhse agus deontais chaipitiúla amúchta. Faightear deontais ón Státchiste. Ar na deontais atá cuimsithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais tá:

	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Deontais ioncaim	2,629	8,037
Deontais caipitil	24,032	44,192
Deontais ar bhearnú sócmhainní	88,147	1,159
	114,808	53,388

6. ÚS AGUS COSTAIS EILE AIRGEADAIS

A A Ús Iníoctha agus Costais dá Shórt

	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Ús iníoctha don tréimhse	14	62
Cuimsithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais	14	62

B Muirear Airgeadais Eile

Faoi FRS 17 "Sochair scoir", léirítear an difríocht idir an t ús ar dhliteanais na scéime pinsin shochar sainnithe agus an toradh measta ar shócmhainní mar mhuirear airgeadais de €0.07m (2014: Muirear de €0.188m) agus áirithe mar mhuirear airgeadais cóngarach d'ús (féach nóta 22).

6. ÚS AGUS COSTAIS EILE AIRGEADAIS (ar leanúint)

C Ús Infhaighte ar Thaiscí Gearrthéarmacha

	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Ús infhaighte don tréimhse	192	454
Cuimsithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais	192	454

7. BARRACHAS AR GHNÁTH-GHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁNACHAS

Luaitear an barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh chánachas tar éis na sochair/(muirir) seo a chur san áireamh:

	T/C 31 July 2015 €'000	T/C 31 Dec 2014 €'000
Dímheas	24,941	45,730
Luach saothair na n iniúchóirí		
- táille iniúchóireachta	110	77
- seirbhísí eile forchinntithe	5	9
- seirbhísí chomhairle cánach	2	13
- seirbhísí neamh iniúchóireachta eile	94	30
Deontais	(114,808)	(53,388)
Amúchadh thobhach agus shochar iarchurtha	(882)	(1,512)
Caillteanas ar bhearnú shócmhainní	88,147	1,159
Brabús & Caillteanas ar dhiúscairt shócmhainní	(10)	148
Táillí léasa oibriúcháin:		
Gléasra agus Innealra	-	103
Foirgnimh oifige	359	419
Luach saothair na gComhaltaí seachas an Príomhfheidhmeannach Gníomhach:		
Táillí	29	44
Tuarastail	60	103
Pinsean	6	10
Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaigh:		
Tuarastal	75	128
Pinsean	0	0
Sochar eile	1	3

8. FOSTAITHE

Mar seo a leanas a bhí meánlíon na ndaoine (Comhaltaí san áireamh) a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht le linn na bliana:

	2015 Líon	2014 Líon
Seirbhísí tacaíochta corparáideacha agus tionscadail	77	86
Bainistíocht na dtionscadal agus an infreastruchtúir	107	100
	184	186

Cuimsítear sna costais foirne:	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Pá agus tuarastail	6,338	11,170
Costais leasa shóisialaigh	637	1,110
Costais phinsin	668	1,130
Cúiteamh eile – íocaíochtaí scarúna deonaí	69	605
	7,712	14,015
Bain: costais foirne caipitlithe mar shócmhainní seasta	(3,065)	(5,877)
Cuimsithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais	4,647	8,138

9. CÁIN AR AN MBARRACHAS AR GHNÁTH-GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

A. Anailís ar Mhuirear an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Cáin reatha:		
Muirear (sochar)/dochar cánach iarchurtha don tréimhse	(84)	77
Cáin chorparáide ar easnamh na tréimhse	340	297
Coigeartú a bhaineann le blianta atá thart	25	18
Muirear cánach ar ghnáth-ghníomhaíochtaí	281	392

9. CÁIN AR AN MBARRACHAS AR GHNÁTH-GHNÍOMHAÍOCHTAÍ (ar leanúint)

B. Réiteach an Mhuirir Ionchais Cánach ag an Ráta Caighdeánach leis an Muirear Iarbhír Cánach ag an Ráta Cánach Éifeachtach

Is airde cáin mheasúnaithe na bliana (2014: níos airde) ná an ráta caighdeánach do cháin chorparáide i bPoblacht na hÉireann - 12.5% (2014: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

	T/C 31 Iúil 2015 €'000	T/C 31 Nollaig 2014 €'000
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cháin	1,550	1,913
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí méadaithe faoin ráta caighdeánach 12.5% (2014:12.5%) do cháin chorparáide i bPoblacht na hÉireann	194	239
Bearnaí ama eile	34	58
Rátaí cánach níos airde ar ioncam neamhghníomhach	112	-
Coigeartú ar an muirear cánach i leith bliana roimhe	25	18
Muirear reatha cánach don tréimhse	365	315

C. Tosca a bhfuil Éifeacht acu ar Mhuirir Chánach Reatha agus ar Mhuirir Chánach amach anseo, agus ar cháin Iarchurtha

Is éard atá sa mhuirear cánach iarchurtha de €0.1m ná muirear ar an sócmhainn phinsin a bhaineann le cáin iarchurtha ar an ús carnaithe (2014: €0.1m).

10. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Infrea-struchtúr Luas €'000	Sócmhainní á dTógáil €'000	Rothstoc & Trealamh €'000	Daingneáin &Trealamh Oifige €'000	Briesiú ar Shealúchais ar Léas €'000	Feithiclí Mótair €'000	Iomlán €'000
Costas							
Ar 1 Eanáir 2015	1,092,814	153,885	195,775	3,656	659	209	1,446,998
Breiseanna sa tréimhse	1,176	39,536	1,302	57	9	-	42,080
Aistrithe	1,032	(2,605)	634	939	-	-	-
Diúscairtí	-	-	-	(51)	-	(36)	(87)
Bearnú sa tréimhse*	-	(88,147)	-	-	-	-	(88,147)
Ar 31 Iúil 2015	**1,095,022**	**102,669**	**197,711**	**4,601**	**668**	**173**	**1,400,844**
Diúscairí carnaithe							
Ar 1 Eanáir 2015	261,408	-	96,058	3,260	640	180	361,546
Muirear dímheasa	18,642	-	6,133	143	2	21	24,941
Aistrithe	(775)	-	7	768	-	-	-
Diúscairtí	-	-	-	(51)	-	(36)	(87)
Ar 31 Iúil 2015	**279,275**	**-**	**102,198**	**4,120**	**642**	**165**	**386,400**
Leabharluach Glan							
Ar 31 Nollaig 2014	**831,406**	**153,885**	**99,717**	**396**	**19**	**29**	**1,085,452**
Ar 31 Iúil 2015	**815,747**	**102,669**	**95,513**	**481**	**26**	**8**	**1,014,444**

Caipitlíodh an t-ús comhiomlán iníoctha de €3,361m mar chuid de na sócmhainní seasta inláimhsithe chun dáta [2015: €Nil; 2014: €Nil].
* Cionnas nach leanfar de thionscadal Meitreo Thuaidh leis an gcumraíocht reatha faofa agus sa mhéid nach bhfuil aon tionscadal eile faofa go foirmiúil ina áit meastar €88.1 m. dá luach tugtha anonn a bheith bearnaithe agus tá sé díscríofa in aghaidh an chuntas Ioncaim & Caiteachais. Níl fágtha dá luach tugtha anonn ach luach margaidh na sealúchas a ceannaíodh don tionscadal.

11. FÉICHIÚNAITHE (SUIMEANNA DLITE TAOBH ISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	6,374	12,412
Deontais infhaighte	9,090	3,031
CBL infhaighte	52	246
Cáin chorparáide	-	166
	15,516	15,855

12. TAISCÍ BAINC AGUS AIRGID

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Airgead agus sa Bhanc	48,972	53,559
	48,972	53,559

13. CREIDIÚNAITHE (SUIMEANNA DLITE TAOBH ISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Creidiúnaithe trádála agus ioncam iarchurtha	17,607	16,021
Cáin chorparáide	176	-
Deontais faighte roimh ré	239	6,370
	18,022	22,391

14. CREIDIÚNAITHE (SUIMEANNA DLITE TAR ÉIS BLIANA AMHÁIN)

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Ioncam iarchurtha	31,857	32,437
	31,857	32,437

15. CISTÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Ar 1 Eanáir	5,085	4,975
Barrachas coinnithe don tréimhse	1,269	1,521
Gnóthachan achtúireach aitheanta sa scéim sochar scoir (Nóta 22)	685	2,863
Athrú ar an mbarrachas do-inaisghabhála sa scéim shochar scoir (Nóta 22)	(735)	(2,449)
Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste (Nóta 15A)	(1,108)	(1,825)
At 31 July / 31 December	5,196	5,085

15A. CÚLCHISTE

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Ar 1 Eanáir	17,868	16,043
Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste na Gníomhaireachta (Nóta 15A)	1,108	1,825
Ar 31 Iúil/31 Nollaig	18,976	17,868

16. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR

	Léas Dochraideach €'000	Athstruchtúrú €'000	Cáin Iarchurtha €'000	Deontais Inaisíoctha €'000	Éilimh Árachais & Dlí €'000	Athchóiriú Rianta €'000	Iomlán €'000
Ar 1 Eanáir	1,723	449	159	151,539	1,484	5,517	160,871
Úsáid	-	(106)	-	-	(1,100)	(167)	(1,373)
Réadaithe	(1,723)	(142)	-	(18,002)	-	-	(19,867)
Nemhúsáidte Ús Barúlach	-	-	-	-	-	14	14
Curtha chun dochair/(sochair)	-	211	(66)	-	1,756	-	1,901
Ar 31 Iúil	-	412	93	133,537	2,140	5,364	141,546

Tá na soláthair ríofa faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach i Nóta 1 (b) agus (i) a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo.

Trí choinníollacha agus trí bhannaí árachais a bheith aici, tá soláthar leormhaith déanta ag an nGníomhaireacht do chostais ar bith a d'eascródh as 'neamh-fheidhmiú' conarthach.

Áirítear ar na deontais atá inaisíoctha deontais ón Státchiste a fuarthas mar réamh-mhaoiniú d'fheidhmiú thionscadail áirithe, a bhfuil scéimeanna thobhach fhorbartha i bhfeidhm dóibh, agus a meastar a bheith inaisíoctha faoi réir Nóta 1 (b) ar an bPolasaí Cuntasaíochta. Tá na deontais seo in-aisíoctha thar saolré na scéimeanna tobhaigh agus, dá réir, ní móide go ndéanfaidh an soláthar díchornadh go hiomlán sa mheántéarma.

Tá an soláthar do léas dochraideach aisiompaithe ón uair go bhfuil leasuú ar an léas sínithe anois.
Baineann an soláthar d'athstruchtúrú go príomha le hiomarcaíocht agus úsáidfear é go hiomlán taobh istigh de bhliain amháin ó dháta an chlár comhardaithe. Tá úsáid an tsoláthair d'éilimh árachais agus dlí ag brath ar cathain agus conas mar a shocrófar na héilimh gan íoc.

Baineann an soláthar d'athchóiriú rianta leis na costais feabhsúcháin agus leasúcháin a bheidh i gceist. Creideann an Ghníomhaireacht go n-úsáidfear an soláthar thar saolré na sócmhainní atá i gceist agus i ngeall air seo ní móide go n-úsáidfear iomlán an tsoláthair sa mheántéarma.

17. DEONTAIS

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Ar 1 Eanáir	878,500	888,254
Faighte agus infhaighte	42,353	46,332
Aistrithe ó/(chuig) soláthairtí do dhliteanais is do mhuirir	18,002	(2,698)
Deontais ioncaim scaoilte leis an gcuntas ioncaim agus caiteachais	(2,629)	(8,037)
Amúchadh luathaithe i dtaca le bearnú tionscadal	(88,147)	(1,159)
Deontais chaipitil amúchta	(24,032)	(44,192)
Ar 31 Iúil / 31 Nollaig	824,047	878,500

Is féidir go mbeadh deontais a fuarthas ón Státchiste mar réamh-mhaoiniú d'fheidhmiú thionscadail áirithe, a bhfuil scéimeanna tobhach forbartha i bhfeidhm dóibh, inaisíoctha faoi réir Threoir an Aire, sainiúil don tionscadal. Bogtar aon deontas a mheastar a bheith inaisíoctha chuig dliteanais fhadtéarmacha faoi réir Nóta 1 (b) ar an bPolasaí Cuntasaíochta.

Coinnítear deontais ioncaim ón Státchiste i gcuntas do dheontais iarchurtha agus scaoiltear iad leis an gcuntas Ioncaim & Caiteachais chun caiteachas ábhartha le linn na Tréimhse a mheaitsáil.

B'iad €27.5m agus €2.7m faoi seach na deontais, a fuarthas agus a bhfuil cuntas orthu, faoi Chlár Mhaoinithe Caipitil an ÚNI GDA agus Clár Riaracháin agus Costais na GFI don tréimhse dar críoch 31 Iúil 2015.

*Cionnas nach leanfar de thionscadal Meitreo Thuaidh leis an gcumraíocht reatha faofa agus sa mhéid nach bhfuil aon tionscadal eile faofa go foirmiúil ina áit meastar €88.1 m. dá luach tugtha anonn a bheith bearnaithe agus tá sé díscríofa in aghaidh an chuntas Ioncaim & Caiteachais. Níl fágtha dá luach tugtha anonn ach luach margaidh na sealúchas a ceannaíodh don tionscadal.

18. MAOINIÚ EILE

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Ar 1 Eanáir	38,416	35,383
Síntiúis ó fhorbróirí agus tobhaigh forbartha	1,563	3,235
Amúchadh thobhach	(119)	(202)
Ar 31 Iúil / 31 Nollaig	39,860	38,416

Mar atá leagtha amach i Nóta 1(b), coimeádtar na tobhaigh fhorbartha agus na síntiúis ó fhorbróirí, a fhaigheann an Ghníomhaireacht, i gcuntas do thobhaigh fhorbartha agus do shíntiúis ó fhorbróirí agus amúchtar iad don chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a dhíscríobhtar na sócmhainní gaolmhara.

19. CEANGALTAIS CHAIPITIÚLA

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Ní raibh soláthar déanta sna ráitis airgeadais ag deireadh na tréimhse do na ceangaltais chaipitiúla seo a leanas a bhí faofa ag na Comhaltaí:		
Faoi chonradh ach gan soláthar	134,257	58,113
Údaraithe ach gan bheith faoi chonradh	13,530	141,479
	147,787	199,592

20. CEANGALTAIS AIRGEADAIS

	Talamh & Foirgnimh €'000	Léasanna Oibríochta Eile €'000
Ar 31 Iúil 2015 bhí ceangaltais bhliantúla faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar seo a leanas:		
Taobh istigh de bhliain nó níos lú	-	-
Taobh istigh de bhreis is bliain ach níos lú ná cúig bliana	-	-
Taobh istigh de bhreis is cúig bliana	1,010	-
Ar 31 Nollaig 2014, bhí ceangaltais bhliantúla faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar seo a leanas:		
Taobh istigh de bhliain nó níos lú	-	-
Taobh istigh de bhreis is bliain ach níos lú ná cúig bliana	578	-
Taobh istigh de bhreis is cúig bliana	775	-

21. SREABHADH AIRGID

A. Réiteach an Bharrachais Oibriúcháin leis an Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Glan Airgid ar Ghníomhaíochtaí Oibríocha

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Barrachas Oibríochta	1,302	1,709
Dímheas	24,941	45,730
Amúchadh ar thobhaigh agus ar shochair iarchurtha	(882)	(1,512)
Creidmheas pinsin – breis ar an mbarrachas oibriúcháin	20	226
Bearnú ar Shócmhainní	88,147	1,159
Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe	203	(2,159)
Deontais	(112,122)	(46,639)
Méadú ar chreidiúnaithe	3,431	522
Laghdú ar an soláthar do dhliteanais is do mhuirir	(1,885)	(124)
	3,155	(1,088)

B. Réiteach an Ghlansreabhadh Airgid le Gluaiseacht sna Ghlanfhiachas

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
(Laghdú) méadú ar airgead le linn na tréimhse	(4,587)	6,244
Airgead glan ag tús na tréimhse	53,559	47,315
Airgead glan ag deireadh na tréimhse	48,972	53,559

C. Anailís ar na hAthruithe sa Ghlanfhiachas

	Ar 1 Ean 2015 €'000	Sreabhadh Airgid €'000	Ar 31 Iúil 2015 €'000
Taiscí Airgid	53,559	(4,587)	48,972
	53,559	(4,587)	48,972

22. CEANGALTAIS PHINSIN

Baill de scéim ranníocaíochta sainithe, a bhfuil a mionsonraí tugtha thíos, iad formhór d'fhostaithe na Gníomhaireachta a dhéanann ranníocaíochtaí. Baill de scéim shocair shainithe na GFI, a bhunaigh an Ghníomhaireacht i 2003, iad fuílleach na bhfostaithe a dhéanann ranníocaíochtaí pinsin. Tugtar mionsonraí na scéime sochar sainithe thíos.

Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe

Tosaíodh scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe i 2003 d'fhoireann na Gníomhaireachta nach raibh i dteideal bheith ina mbaill den scéim shocair shainithe atá nótáilte thíos. Níl aon dliteanas maoinithe faoi FRS 17 ag baint leis an bplean seo. Is ionann an muirear pinsin a baineann leis an scéim seo agus ranníocaíochtaí iníoctha na Gníomhaireachta don bhliain, is é sin €0.477m (2014: €0.833m).

Scéimeanna le Sochar Sainithe

Chun forálacha alt 24 agus alt 25 den Acht Iompair (Infreastruchtúr Iarnróid) 2001 a chomhlíonadh thosaigh an Ghníomhaireacht scéim shochair shainithe i 2003 chun freastal ar theidlíochtaí pinsin na bhfostaithe úd a d'aistrigh ón scéim shochair shainithe 1951 de chuid CIE. Baineadh úsáid as scéim shamhail an teimpléid do shocruithe pinsin san earnáil phoiblí, a d'eisigh an Roinn Airgeadais, agus í leasaithe mar ba ghá chun gurbh ionann na sochair fúithi agus na sochair a bhí ar fáil ó scéim shochair shainithe 1951 CIE, agus an scéim nua á bhunú.

B'é €0.099m (2014: €0.394m) an muirear pinsin le sochar sainithe don bhliain le €0.169m gearrtha ar an mbarrachas oibriúcháin (2014: €0.206m) agus €0.070m (2014: Muirear €0.188m) curtha do shochar ioncam airgeadais eile. B'é sciar na ranníocaíochta do scéim shainithe na GFI le linn na bliana ná €0.003m (2014: €0.003m).

Ar 31 Iúil 2015 rinne achtúire neamhspleách, le cáilíochtaí gairmiúla, luacháil iomlán ar shócmhainní agus ar dhliteanais scéim na GFI. Luacháladh na sócmhainní agus na dliteanais úd agus modh an aonaid bharrtheilgthe in úsáid.

Tá tuairisc tugtha ar an gclár comhardaithe ar bharrachas pinsin de €0.572m (glan ó cháin iarchurtha) a mheastar a bheith inaisghabhála thar saolré na scéime. Léirigh luacháil ar an mbarrachas faoi FRS 17 barrachas teicniúil de €6.689m. Ag an am céanna, tá srian curtha le méid an bharrachais ar féidir a aithint ar an gclár comhardaithe go dtí luach sciar an fhostóra ar shaoire suthaine agus é á mheas ar bhonn FRS17. Faoi na rialacha sin ní mheastar ach €0.654m a bheith in-athghabhála agus mar thoradh air sin laghdaíodh an barrachas pinsin de €6.035m chun méid an bharrachais a theorannú go dtí an tsuim mheasta in-aisghabhála, €0.654m. Gearradh cáin iarrchurtha de €0.082m in aghaidh an bharrachas pinsin.

22. CEANGALTAIS PHINSIN (ar leanúint)

Is iad seo a leanas na suimeanna a aithníodh ar an gclár comhardaithe:

	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Luach reatha dhliteanais na scéime	(9,694)	(9,773)
Luach cóir shócmhainní na scéime	16,383	15,876
Barrachas pinsin	6,689	6,103
Sócmhainn do-inaisghabhála i ngeall ar an srian i bparagraf 41 i FRS 17	(6,035)	(5,300)
Sócmhainní aitheanta ar an gclár comhardaithe	654	803
Cáin ghaolmhar iarchurtha	(82)	(101)
Sómhainní glan pinsin	572	702

Is mar seo a leanas atá na suimeanna a aithníodh sa chuntas ioncaim agus caiteachais:	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Costas Úis	(114)	(358)
Torthaí measta ar shócmhainní na scéime	184	170
(Muirear)/Ioncam eile Airgeadais	70	(188)
Táille reatha seirbhíse – san áireamh i gcostais chorparáideacha na gníomhaireachta	(169)	(206)
	(99)	(394)
Fíor-thoradh ar shócmhainní na scéime	655	3,901

Is iad seo a leanas na suimeanna a aithníodh sa Ráiteas ar na Gnóthachan agus na Caillteanas Aitheanta Uile:	31 Iúil 2015 €'000	31 Nollaig 2014 €'000
Fíor-thoradh lúide toradh measta ar shócmhainní na scéime	471	3,731
Gnóthachain ó thaithí	492	579
Athruithe ar an mbonn tuisceana a bhfuil luach reatha dhliteanais na scéime bunaithe air	(278)	(1,447)
Gnóthachain achtúireacha aitheanta sa RGCAU	685	2,863
Athrú ar an mbarrachas do-inaisghabhála ar an scéim sochar scoir	(735)	(2,449)
(Laghdú)/méadú iomlán aitheanta sa RGCAU	(50)	414

Is é €1.144m (31 Nollaig 2014: €1.829m) an caillteanas achtúireach carnach a aithníodh sa ráiteas de ghnóthachain agus de chaillteanais iomlána suas go dtí 31 Iúil 2015 agus an dáta sin san áireamh. Ionann na ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo don tréimhse a leanfaidh agus €Nil.

22. CEANGALTAIS PHINSIN (ar leanúint)

Gluaiseacht i Sócmhainní agus i nDliteannais na Scéime

	Sócmhainní na Scéime €'000	Dliteanais na Scéime €'000	Barrachas Pinsin €'000
Ar 1 Eanáir 2014	13,608	(9,977)	3,631
Costas Seirbhíse Reatha	-	(206)	(206)
Ús ar dhliteanais na Scéime	-	(358)	(358)
Toradh measta ar shócmhainí na scéime	170	-	170
Fíor-thoradh, lúide toradh measta, ar shócmhainí na scéime	3,731	-	3,731
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais	-	579	579
Athruithe ar an mbonn tuisceana	-	(1,447)	(1,447)
Ranníocaíochtaí ón lucht rannpháirtíochta	68	(68)	-
Ranníocaíocht an Fhostóra íoctha	3	-	3
Sochair díolta	(1,704)	1,704	-
Ar 31 Nollaig 2014	15,876	(9,773)	6,103
Ar 1 Eanáir 2015	15,876	(9,773)	6,103
Costas Seirbhíse Reatha	-	(169)	(169)
Ús ar dhliteanais na Scéime	-	(114)	(114)
Toradh measta ar shócmhainí na scéime	184	-	184
Fíor-thoradh, lúide toradh measta, ar shócmhainí na scéime	471	-	471
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais	-	492	492
Athruithe ar an mbonn tuisceana	-	(280)	(280)
Ranníocaíochtaí ón lucht rannpháirtíochta	31	(31)	-
Ranníocaíocht an Fhostóra íoctha	2	-	2
Sochair díolta	(181)	181	-
Ar 31 Iúil 2015	16,383	(9,694)	6,689

Eascraíonn iomlán de dhliteanais na scéime thuas as scéim atá maoinithe go hiomlán.

22. CEANGALTAIS PHINSIN (ar leanúint)

Rioscaí agus luach saothair ag eascairt as na sócmhainní

Ar 31 Iúil 2015 bhí sócmhainní na scéime infheistithe i gCiste Comhaontaithe Irish Life, i gCiste Airgid Irish Life, i gCiste Bhannaí AAA 10 mBliana Irish Life, i gCiste Bhannaí 2042 na hÍsiltíre de chuid Irish Life agus i gCiste Shealúchas Éireannach Irish Life. Glacann na hIontaobhaithe cinní faoin meascán sócmhainní bunaithe ar phróifíl na scéime.

Tá luach cóir shócmhainní na scéime leagtha amach thíos mar chéatadán de shócmhainní uile na scéime:

(Mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime)	31 Iúil 2015 %	31 Noll 2014 %
Cothromais	0.1	0.5
Bannaí	61.6	91.5
Eile	38.3	8.0

Ní áirítear i sócmhainní na scéime aon chuid d'urrúis airgeadais na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid féin, nó aon sealúchas atá i seilbh na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid.

Na príomh-bhoinn tuisceanna achtúireacha ar dháta an chlár comhardaithe:

	31 Iúil 2015 %	31 Noll 2014 %
Ráta lascaine	2.10	2.00
Arduithe tuarastail san am atá le teacht	3.75	3.50
Méaduithe pinsin san am atá le teacht	2.75	2.50
Ráta boilscithe	1.75	1.50

Tá an bonn tuisceana faoi bhásmhaireacht bunaithe ar staitisticí foilsithe agus ar thaithí.

Tá an bonn tuisceana faoi bhásmhaireacht bunaithe ar tháblaí caighdeánacha básmhaireachta ina bhfuil soláthar déanta do fheabhsuithe sa bhásmhaireacht amach anseo.

Tá triúr pinsinéir reatha sa scéim.

Fadsaolaí do bhaill a théann ar scor ag aois 60.

	31 Iúil 2015 Blianta	31 Noll 2014 Blianta
Fireann	27.5	27.5
Baineann	29.1	29.1

22. CEANGALTAIS PHINSIN (ar leanúint)

B'í seo a leanas stair Ghnóthacan agus Chaillteanas ó Thaithí:

	2015	2014	2013	2012	2011
Luach reatha ar dhliteanais na scéime					
Méid (€'000).	(9,694)	(9,773)	(9,977)	(11,045)	(9,385)
Luach cóir shócmhainní na scéime Méid (€'000).	16,383	15,876	13,608	12,912	11,136
	6,689	6,103	3,631	1,867	1,751
Barrachas do-inaisghabhála ar scéim shochar scoir	(6,035)	(5,300)	(2,851)	(947)	(923)
Barrachas pinsin méid (€'000).	654	803	780	920	828
Coigeartuithe ó thaithí ar dhliteanais na scéime Méid (€'000):	492	579	1,308	800	549
Mar chéatadán de dhliteanais na scéime ar dháta an chláir comhardaithe (%)	5.1	5.9	13.1	7.2	5.8
Coigeartuithe ó thaithí ar shócmhainní na scéime Méid (€'000)	471	3,731	131	952	(724)
Mar chéatadán de shócmhainní na scéime ar an gclár comharduithe (%).	2.9	23.5	1.0	7.4	(6.5)
Suim iomlán aitheanta sa ráiteas ar iomlán ghnóthacan agus caillteanais na scéime Méid (€.000)	(50)	414	29	2	(236)
Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime (%)	(0.5)	4.2	0.3	0.0	(2.5)

23. DLÍTHÍOCHT AGUS ÉILIMH

Ó am go chéile, bíonn an Ghníomhaireacht ina páirtí in imeachtaí dlíthiúla éagsúla. Tá na Comhaltaí den tuairim nach mbeidh aon chaillteanas, más ann dó, a eascraíonn as na gnóthaí seo níos mó ar aon tslí ábharthach ná na soláthairtí atá déanta sna ráitis airgeadais.

Tá mionsonraí an tsoláthair a rinneadh i leith na n-éileamh árachais agus dlíthiúla ar 31 Iúil 2015 leagtha amach i Nóta 16 ar an ráitis airgeadais seo.

24. BEARTA A BHAINEANN LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Sa ghnáth-shlí, déanann an Ghníomhaireacht gnó le haonáin atá á rialú ag Rialtas na hÉireann. Bé €7.3m luach iomlán an ghnó a rinneadh sa tréimhse dar críoch 31 Iúil 2015 (2014: €12.4m). Ag deireadh na bliana bhí gaol airgeadais ag an GFI le Bainc-Aontas Éireann agus leis an nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. B'iad na comharduithe taisce ag deireadh na bliana le gach banc faoi seach ná €13.0m agus €26.0m.

25. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Athshonraíodh figiúirí comparáideacha áirithe chun teacht leis an tslí inar pléadh leo sa tréimhse reatha.

26. EACHTRAÍ DÁ ÉIS

Díreach i ndiaidh deireadh na tréimhse agus, faoi réir Acht na mBóithre 2015, díscaoileadh an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid. Arna dhíscaoileadh di, aistríodh feidhmeanna, talamh agus sealúchas na Gníomhairachta maille lena sócmhainní is a dliteanais chuig an Údarás Náisiúnta Bóithre (agus é ag gníomhú mar Bhonneagar Iompair Éireann).

Transport Infrastructure Ireland/Bonneagar Iompair Éireann
Parkgate Business Centre, Parkgate Street, Dublin 8